

An Bord Measúnaithe
Díobhálacha Pearsanta

# Tuarascáil Bhliantúil 2015

Bord Measúnaithe
Díobhálacha Pearsanta
*Personal Injuries
Assessment Board*






# Clár





| | | |
|---|---|---|
| Réamhfhocal an Chathaoirligh | | 4 |
| Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh | | 5 |
| Forléargas | | 6 |
| Ráiteas Misin | | 6 |
| **Cuid 1** | Teidlíochtaí cúitimh a mheasúnú ar bhealach cóir, cruinn agus tráthúil | 7 |
| **Cuid 2** | Cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh | 10 |
| **Cuid 3** | Na costais riaracháin a bhaineann le réiteach éileamh díobhála pearsanta a laghdú. | 12 |
| **Cuid 4** | Seirbhís den scoth do chustaiméirí a sheachadadh ó eagraíocht éifeachtúil, sholúbtha agus chostas-éifeachtach | 14 |
| **Cuid 5** | Ráitis Airgeadais don bhliain 5 dár críoch 31 Nollaig 2015 | 19 |
| Aguisíní | | 36 |

# Forléargas PIAB 2015




Líon Iomlán iarratas in 2015

**33,561**




Luach Dámhachtainí

**€268.4m**

Meánluach Dámhachtainí

**€22,878**

Líon iomlán dámhachtainí in 2015

**11,734**

Costais Sheachadta %

**6.5%**

An Dámhachtain is Airde

**€368,927**

Glaonna chuig an Ionad Seirbhísí

**56,000**

Cuairteanna láithreáin ghréasáin

**258,257**

Méadú in Iarratais thar 2014

**6%**

An Dámhachtain is Ísle

**€50**

# Réamhfhocal an Chathaoirligh


Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2015 a chur i bhur láthair. Bliain dhúshlánach a bhí inti i gcúrsaí Árachais agus tá sé riachtanach go leanfadh an tseirbhís a sholáthraíonn an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar aghaidh ag cuidiú le héilimh a shocrú in Éirinn. Is é ár gcuspóir seirbhís measúnaithe éileamh díobhála pearsanta chothrom agus fhollasach a chur ar fáil do dhaoine a ndearnadh díobháil dóibh de thoradh timpiste ina ngluaisteán, a n-áit oibre nó in áit phoiblí. Tá sé mar aidhm againn an tseirbhís seo a chur ar fáil ag an gcostas is ísle is féidir leis an réiteach is tapúla is féidir do gach duine lena mbaineann.

In 2015 chonaiceamar feidhmíocht oibríochtúil láidir na heagraíochta, a sheachaid seirbhís cháilíochta dá custaiméirí. Baineadh é seo amach mar thoradh ar obair chrua, díograis agus tiomantas na foirne agus na gcomhaltaí.

D’imigh an t-iarPhríomhfheidhmeannach Patricia Byron i rith na bliana tar éis a bheith i gceannas ar an eagraíocht ón tús. Tá ómós mór ag dul di as an Fheidhmeannacht a threorú tríd an iliomad dúshlán a bhí le sárú thar na mblianta. Tá ómós mór ag dul chomh maith do Maurice Priestley a threoraigh an eagraíocht agus é ina Phríomhfheidhmeannach Eatramhach go dtí gur ceapadh Conor O’Brien ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin i mí Dheireadh Fómhair.

Feidhmíonn an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta de réir a Phlean Straitéiseach don tréimhse 2014-2019. Leagtar amach sa phlean seo ár bpríomhchuspóirí Straitéiseacha reatha mar aon leis na príomhghníomhartha atá le déanamh chun na Cuspóirí seo a bhaint amach. Tá mé ag súil le bheith ag obair lenar bPríomhfheidhmeannach nua, Comhaltaí an Bhoird agus leis an bhFeidhmeannas chomh maith agus sinn ag iarraidh na straitéisí atá sa phlean seo a chur i bhfeidhm.

Ar deireadh ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Bruton agus lena oifigigh as an tacaíocht a léirigh siad i rith na bliana agus tá mé ag súil le bheith ag obair i gcomhar leis an Roinn sna blianta atá le teacht.



**Dermot Divilly**

*Cathaoirleach*

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá mé an-bhródúil gur ceapadh mé i mo Phríomhfheidhmeannach ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB). Is eagraíocht í a bhfuil ról an-tábhachtach aici maidir le héilimh a shocrú go cothrom agus go follasach maidir le gach páirtí. Soláthraíonn sí seirbhís den scoth do dhaoine a bhfuil taithí acu ar an tráma a bhaineann le timpiste agus a theastaíonn uathu bogadh ar aghaidh lena saol agus an eachtra mhírathúil a chur taobh thiar díobh. Tá mé ag súil lena chinntiú to leanfaimid leis an dea-obair agus go mbreathnóimid ar bhealaí chun ár seirbhís a fheabhsú sna blianta amach romhainn.

Tháinig méadú beag 6% ar éilimh in 2015 le 33,561 iarratas, a bhíothas ag súil leis i bhfianaise an méadú atá tagtha ar ghníomhaíocht eacnamaíoch de réir mar a thosaíonn an tír ag fás arís. D'fhan leibhéal na ndámhachtainí seasta le méadú 1% ar an meándámhachtain ag €22,878. Tá an figiúr sin cobhsaí le seacht mbliana anuas.

D'fhonn anailís a dhéanamh ar an méid a chuireann éilimh le méadú na bpréimheanna árachais, creidimid gur chóir sonraí maidir le héilimh dhíobhála pearsanta a fhoilsiú chun treochtaí, costais agus am-línte na socruithe a léiriú. Táimidne sa PIAB ag iarraidh a bheith rannpháirteach in aon chleachtadh den sórt sin a thabharfadh léargas níos fearr dúinn ar thimpeallacht fhoriomlán na n-éileamh díobhála pearsanta a d'fhéadfadh sa deireadh thiar feabhas a chur ar bhainistiú éileamh,

Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an Leabhar Cainníochta in 2015, ag baint úsáide as seirbhísí cuideachta anailísíochta neamhspleách. Bhí go leor oibre i gceist leis seo lena n-áirítear cóimheas agus anailís a dhéanamh ar na céadta mílte éileamh ó árachóirí, ón tSeirbhís Chúirteanna, ó Ghníomhaireacht Éileamh an Stáit agus ón PIAB. Ba é cuspóir an chleachtaidh ná luachanna sa treoirlíne maidir le dámhachtainí díobhála pearsanta a nuashonrú agus, nuair is féidir, inúsáidteacht an fhoilseacháin a fheabhsú do gach léitheoir. Éiríonn leis an Leabhar Cainníochta mar gheall go gcuireann na hárachóirí, an PIAB agus na Cúirteanna i bhfeidhm go seasmhach é. Cabhróidh sé sin a chinntiú go socraítear éilimh go cothrom, go follasach agus go tapa.

Ag féachaint chun cinn go dtí 2016 tabharfaimid faoi roinnt tionscnamh chun ár seirbhís a fheabhsú. Forbróimid agus seolfaimid céannacht branda nua ionas gur féidir sainmhíniú níos soiléire ar ár ról a léiriú, cur chuige i leith geallsealbhóirí a fheabhsú, agus díriú go hiomchuí ar gach cainéal custaiméirí. Déanfaimid athbhreithniú próiseas agus teicneolaíochta féachaint le bealaí chun cur leis an úsáid a bhaintear as ár gcuid seirbhísí a mhéadú, costais a shábháil agus éifeachtúlachtaí a ghiniúint, chomh maith le digitiú agus féinfhreastal a éascú. Foilseoimid agus déanfaimid nuashonrú ar an Leabhar Cainníochta chun comhsheasmhacht a chur chun cinn. Roinnfimid sonraí le comhlachtaí eile de réir mar is cuí d'fhonn údair agus tionchair na timpistí a aithint.

Tá cumas na heagraíochta ag brath ar chumas na ndaoine atá ag obair inti. Tá ómós mór ag dul don fhoireann, a oibríonn go crua le dúthracht agus paisean chun seirbhís den scoth a sheachadadh agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a gcuid oibre crua agus a dtiomantas.

Táim ag súil go mór a bheith ag obair leis an mBord rialaithe agus leis an bhfoireann agus le hOifigigh Roinne agus leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus muid ag déanamh ár ndícheall freastal ar riachtanais ár ngeallsealbhóirí agus an phobail i gcoitinne.



**Conor O'Brien**

*Príomhfheidhmeannach*

# Léargas Ginearálta
## Ráiteas Misin

**33,561**
LÍON NA nIARRATAS

**7.1** MÍ
ACHAR MEASÚNAITHE

**11,734**
LÍON NA nDÁMHACHTAINÍ

**6.5%**
COSTAIS SHEACHADTA

Is é ráiteas misin an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) ná "seachadadh cúitimh a éascú ar bhealach cóir, pras agus follasach chun leasa na sochaí san iomlán".

Agus ár misean agus ár mandáid á seachadadh in 2015 rinne an PIAB an méid seo a leanas:

- Bainistiú ar 33,561 éileamh díobhála pearsanta agus bhronn 11,734 Dámhachtain fhoirmiúla;
- Bhain meánthréimhse ama 7.1 mí amach le héilimh a phróiseáil - faoi bhun na hamlíne 9 mí;
- Bhronn cúiteamh iomlán de €268.4 milliún ar íospartaigh timpiste ar chostas riaracháin de 6.5% de mhéid iarbhír an chúitimh.

## Croíchuspóirí Straitéiseacha

Is iad seo cúig phríomhchuspóir straitéiseacha an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta mar atá leagtha amach sa phlean straitéiseach reatha:

### Cuspóir 1

Measúnú cóir agus cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi shainchúram an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta .

### Cuspóir 2

Na costais riaracháin is lú agus is féidir bainteach le réiteach éileamh ar dhíobháil phearsanta a chur chun cinn.

### Cuspóir 3

Cultúr nuálaíochta agus barr feabhais a chur chun cinn, eagraíocht éifeachtach sholúbtha á cothú le foireann oilte spreagtha agus éifeacht dhearfach na teicneolaíochta á huasmhéadú.

### Cuspóir 4

Ardseirbhís don chustaiméir a spreagadh agus a chur chun cinn, dírithe ar fhaisnéis faoin ár seirbhísí a bheith ar fáil do chách, á tacú ag próiseas measúnaithe éileamh follasach agus inrochtana agus ag eagraíocht chostas-éifeachtúil.

### Cuspóir 5

Leanúint ar aghaidh ag cur go dearfach le timpeallacht réiteach éileamh díobhála pearsanta atá ag athrú in Éirinn trí úsáid níos mó a bhaint as samhail na neamhsháraíochta de chuid an Bhoird.

I rith 2015, lean an Bord Díobhálacha air ag obair i dtreo na Cuspóirí seo a bhaint amach. Déanann Codanna 1 go 4 den tuarascáil seo cur síos mion ar na tionscnaimh agus ar na gníomhartha a rinneadh i rith na bliana.

# Cuid 1
## Teidlíochtaí cúitimh a mheasúnú ar bhealach cóir, cruinn agus tráthúil.

**33,561**
**LÍON NA nIARRATAS**

**11,734**
**LÍON NA nDÁMHACHTAINÍ**

**€22,878**
**MEÁNLUACH DÁMHACHTAINÍ**

**€368,927**
**AN DÁMHACHTAIN IS AIRDE**

## Dámhachtainí

Déanann an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) measúnú ar chúiteamh iníoctha as díobhálacha pearsanta a fulaingíodh de thoradh timpiste dliteanais phoiblí, ionaid oibre nó mótair. Caithfear de réir dlí gach cás dá leithéid a chur faoi bhráid an PIAB mura réitítear é idir na páirtithe ag staid níos luaithe. Sa chás ina gceadaíonn an freagróir (an páirtí ar rinneadh an t-éileamh ina leith), go ndéanfadh an PIAB measúnú, tugtar an measúnú sin chun críche laistigh de thréimhse naoi mí. Sa chás go nglacann an dá pháirtí leis an measúnú, déantar an scéal a réiteach gan iontaoibh ar dhlíthíocht, a mbeadh dámhachtainí infheidhmithe le dlí ar aon dul leis na Cúirteanna. In 2015, rinne an Bord 11,734 dámhachtain arbh fhiú €268.4 milliún iad.

Is éard is dámhachtain ann ná luach an chúitimh iníoctha le duine aonair i leith díobhála pearsanta. Áirítear ann Damáistí Ginearálta don phian agus don fhulaingt a rinne an díobháil agus Damáistí Speisialta do chaillteanas airgid - go dtí seo agus isteach sa todhchaí e.g. caillteanas tuarastail, costas cúram liachta etc. Baineann sonraí dámhachtainí sa tuarascáil seo le luach iomlán Dámhachtana agus ní dhéantar difríocht idir Damáistí Speisialta agus Ginearálta.

Déantar Damáistí Ginearálta a mheas bunaithe ar an Leabhar Cainníochtaí, atá mar threoir ar leibhéil chúitimh in Éirinn (ar fáil ar www.injuriesboard.ie) agus a bhfuil ceanglas dlíthiúil ar na Cúirteanna tagairt a dhéanamh dó faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta & Cúirteanna 2004. I rith na bliana cuireadh tús leis an Leabhar Cainníochtaí le súil go mbeadh leabhar athbhreithnithe ar fáil don dara leath de 2016.

### Líon agus Luacha Dámhachtainí

Rinne an PIAB a bunaíodh in 2004 a chéad Dámhachtainí in 2005. Leagann Tábla 1.1 amach líon agus luach na ndámhachtainí a rinneadh gach bliain ó 2006. Tá breis agus 94,000 dámhachtain déanta ag an mBord le luach a sháraigh €2.1 billiún go dtí seo.

**Tábla 1.1 Líon agus Luach Dámhachtainí de réir bliana**

| | Líon na nDámhachtainí | Luach Dámhachtainí |
|---|---:|---:|
| 2015 | 11,734 | €268.45m |
| 2014 | 12,420 | €281.21m |
| 2013 | 10,656 | €243.46m |
| 2012 | 10,136 | €217.94m |
| 2011 | 9,833 | €209.83m |
| 2010 | 8,380 | €186.63m |
| 2009 | 8,643 | €200.22m |
| 2008 | 8,845 | €217.16m |
| 2007 | 8,208 | €181.04m |
| 2006 | 5,573 | €115.28m |
| **Iomlán** | **94,428** | **€2,121.22m** |

| **Fíor 1.1 Briseadh Síos ar Dhámhachtainí 2015 de réir Catagóire** | |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | 75% |
| Dliteanas Fostóra | 8% |
| Dliteanas Poiblí | 17% |

## Dámhachtainí de réir Catagóir Éilimh

In 2015, bhain 75% (8,815) de líon na ndámhachtainí go léir le cásanna Mótair, bhain 8% (924) le Dliteanas Fostóra agus 17% (1,995) le Dliteanas Poiblí. Níor tháinig aon athrú ar an mbriseadh síos ó 2013 agus 2014.

## Luach Dámhachtainí de réir Catagóire

Léiríonn Fíor 1.2 meánluach na ndámhachtainí de réir gach ceann de na catagóirí in 2015 i.e. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóra agus Dliteanas Poiblí. Bhí an meándámhachtain de €22,878 in 2015 beagán níos ísle ná an meándámhachtain de €22,642 in 2014. D'fhéadfadh líon na gcásanna i ngach catagóir a bheith éagsúil ó bhliain go bliain, athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch agus sreabhadh éileamh nua á léiriú. D'fhéadfadh athruithe ar ghéaraíocht agus ar líon na n-éileamh gach bliain a bheith mar bhonn le héagsúlacht ar an meándámhachtain.

**Fíor 1.2 Luach Meándámhachtainí de réir Catagóire in 2015 i gComparáid le 2014**

| | 2014 | 2015 |
|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | €21,215 | €21,470 |
| Dliteanas Fostóra | €32,134 | €31,267 |
| Dliteanas Poiblí | €24,677 | €25,213 |
| Meán Foriomlán | €22,642 | €22,878 |

I rith 2015, agus iad ag teacht le blianta roimhe seo, ba iad na meándámhachtainí sa chatagóir Dliteanas Fostóra ab airde, ag €31,267, rud a léiríonn nádúr na ndíobhálacha a fhaightear i dtimpistí ag an ionad oibre, díobhálacha a bhíonn níos tromchúisí agus níos casta go minic.

## Raon Dámhachtainí – Na Dámhachtainí is Airde/is Ísle

Léirítear na dámhachtainí is ísle agus is airde i bhFíor 1.3. Próiseálann an Bord éilimh ó chásanna íseal déine go cásanna an-tromchúiseacha. Rinneadh an Dámhachtain is airde go dtí seo (€1,390,043) in 2013.

| **Fíor 1.3 Raon Dámhachtainí** | |
|---|---|
| Dámhachtain is Airde in 2015 | €368,927 |
| Dámhachtain is Ísle 2015 | €50 |

Tabhair ar aird: Níl aon teorainn le luach dámhachtainí a bhfuil údarás ag an PIAB a bhronnadh. Athraíonn luach dámhachtainí áfach i gcoibhneas nádúr agus déine na ndíobhálacha a fhulaingítear in aon timpiste ar leith.

**Tábla 1.2 Briseadh síos ar Líon Iomlán Dámhachtainí in 2015 (de réir Luacha agus Chatagóir Éileamh)**

| Catagóir Meánluacha (€anna) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóra | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **<20k** | 5,334 | 328 | 955 | 6,617 |
| **20-38k** | 2,796 | 380 | 710 | 3,886 |
| **38-100k** | 642 | 200 | 319 | 1,161 |
| **>100k** | 43 | 16 | 11 | 70 |
| **Go léir** | 8,815 | 924 | 1,995 | 11,734 |

## Anailís ar Luach agus Catagóir Éilimh

Bíonn os cionn leath (56%) de gach dámhachtain de chuid an PIAB faoi bhun €20,000 agus 9 as 10 (89.5%) faoi bhun €38,000. Ba ghné sheasmhach é seo le blianta beaga anuas. Baineann na díobhálacha a fulaingíodh le fíochán bog nó le bristeacha den chuid is mó - nó le meascán den dá rud. Bhí titim an-bheag ar chéatadán na gcásanna faoi €20,000 (56% in 2015 i gcomparáid le 59% in 2014).

Bíonn 89.5% de dhámhachtainí díobhála pearsanta faoi bhun €38,000, mar sin is léir gur eisceacht i gcónaí iad díobhálacha tromchúiseacha. Tiomáineann an líon ard éileamh lena mbaineann luach íseal nó meánluach an bunbhille éileamh cúitimh comhiomlán in Éirinn, a chuimsíonn freisin éilimh do dhamáiste maoine agus cúltacaí airgeadais a theastaíonn le freastal ar éilimh gan íoc ag deireadh na bliana.

**Tábla 1.3**

| **BAILE ÁTHA CLIATH** | **Meándámhachtain 2015** |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €19,622 |
| Dliteanas Fostóra | €26,204 |
| Dliteanas Poiblí | €23,559 |
| **AN CHUID EILE DE LAIGHIN** | **Meándámhachtain 2015** |
| Dliteanas Mótair | €22,349 |

| **Tábla 1.3** | |
|---|---|
| Dliteanas Fostóra | €34,997 |
| Dliteanas Poiblí | €27,123 |
| **CONNACHTA ULAIDH*** | **Meándámhachtain 2015** |
| Dliteanas Mótair | €24,730 |
| Dliteanas Fostóra | €34,662 |
| Dliteanas Poiblí | €27,892 |
| **AN MHUMHAIN** | **Meándámhachtain 2015** |
| Dliteanas Mótair | €21,131 |
| Dliteanas Fostóra | €32,322 |
| Dliteanas Poiblí | €24,816 |

Cuid 1 Teidlíochtaí cúitimh a mheasúnú ar bhealach cóir, cruinn agus tráthúil.

* Contaetha Phoblacht na hÉireann

### Meándámhachtain de réir Réigiúin/Catagóire 2015

Léiríonn Tábla 1.3 briseadh síos ar mheánluach na ndámhachtainí de réir catagóire ar bhonn réigiúnaigh. Bíonn luach níos airde ag dámhachtainí Dliteanas Fostóra de ghnáth, mar gheall ar nádúr na ndíobhálacha a fhaightear i dtimpistí san ionad oibre. Léiríonn éagsúlachtaí réigiúnacha nádúr faoi leith na dtimpistí a bhí i gceist. Tá anailís mhionsonraithe ar dhámhachtainí de réir réigiúin agus contae le fáil in Aguisín 2.

## Amlíne Measúnaithe

Tá sé de dhualgas ar an PIAB, faoin Acht 2003, measúnú a dhéanamh ar éilimh laistigh de 9 mí den fhreagróir (iad siúd atá ag freagairt d'éilimh - lucht árachais den chuid is mó thar ceann sealbhóirí polasaí) toiliú don phróiseas measúnaithe. Léiríonn torthaí 2015 don PIAB gur 7.1 mí a bhí sa mheánmhéid ama chun Dámhachtainí a sheachadadh.

| **Fíor 1.4 Amlíne Cúitimh** |
|---|
| Ón Dáta Toilithe go Dáta na Dámhachtana – 7.1 mí |

## Iarratais (Éilimh)

Ní mór gach éileamh díobhála pearsanta (seachas eisceachtaí de réir an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003) a chur ar aghaidh chuig PIAB. Féadfaidh éilitheoirí déileáil go díreach leis an eagraíocht nó féadfaidh siad iarraidh ar thríú páirtí, lena n-áirítear aturnaetha, a n-éileamh a chur isteach thar a gceann ar a gcostas féin. Is córas riaracháin furasta le húsáid é seo gan aon éisteachtaí béil nó próisis sháraíochta agus cuirimid cuid mhór tacaíochtaí ar fáil d'éilitheoirí ar mian leo a n-éilimh a láimhseáil iad féin. Ceanglaíonn an PIAB ar dhochtúir(í) cóireála nuashonrú leighis a sholáthar bunaithe ar thaifid chóireála dá n-othar bainteach le díobhálacha na timpiste. Ag an bpointe seo ceapann an PIAB na saineolaithe neamhspleácha riachtanacha chun cuidiú leis na Measúnóirí Reachtúla nádúr iomlán agus méid na díobhála a chinneadh lena n-áirítear caillteanais airgeadais mar ioncaim laghdaithe, costais liachta agus costais eile dá leithéid ag éirí as díobhálacha na timpiste. Ar uairibh d'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná tuairisc amháin ag teastáil ag brath ar nádúr na díobhála a fulaingíodh, staid an athshlánúcháin agus an phrognóis liachta todhchaí. Cinntíonn an PIAB, mar chomhlacht Stáit neamhspleách, go ndéantar gach rud a chomhlánú go lánchúramach. Uaireanta baineann an eagraíocht leas as amlínte sínithe ach, mar a léiríonn ár dtorthaí, ba é 7.1 mí an meán-amlíne do dhámhachtain in 2015.

Agus éilimh á measúnú agus cúiteamh á bhronnadh, ní dhéanaimid aon idirdhealú idir iarratasóir díreach agus éilitheoir a íocann idirghabhálaí leis an iarratas a phróiseáil dúinn thar a gceann. In 2015 fuair an PIAB 33,561 iarratas in iomlán ar éilimh dhíobhála pearsanta, ardú de níos lú ná 6.3% ar 2014. Tháinig méadú de 4.3% ar éilimh mótair, tháinig méadú de 10.9% ar éilimh bainteach leis an Ionad Oibre, agus tháinig méadú de 8.4% ar éilimh Dliteanas Poiblí. Go dtí seo fuaireamar breis agus 290,000 éileamh ó bunaíodh an eagraíocht.

Léiríonn Tábla 1.4 líon na n-éileamh a fuair an PIAB sa tréimhse 2010-2015.

**Tábla 1.4 Líon na nÉileamh de réir Catagóire le Sé Bliana Anuas**

| Líon na nÉileamh | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Éilimh Iomlána | 33,561 | 31,576 | 31,311 | 29,603 | 27,669 | 26,697 |
| Dliteanas Mótair | 19,812 | 18,994 | 18,877 | 17,443 | 16,351 | 15,971 |
| Dliteanas Fostóra | 4,843 | 4,368 | 4,040 | 3,828 | 3,866 | 3,724 |
| Dliteanas Poiblí | 8,906 | 8,214 | 8,394 | 8,332 | 7,452 | 7,251 |

Bíonn líon na n-éileamh a fhaigheann an PIAB ag brath ar mhinicíocht timpistí, claonadh na n-íospartach timpiste éileamh a dhéanamh agus cibé an bhfuil páirtí freagrach ann, agus ar iompar freagróirí a d'fhéadfadh iarracht a dhéanamh an cás a réiteach go díreach le híospartach na timpiste sula ndéantar aon éileamh tríd an PIAB.

Leis an margadh éileamh díobhála pearsanta a thuiscint ní féidir an pictiúr iomlán maidir le líon foriomlán na n-éileamh a dhearbhú go cinnte gan rochtain ar shonraí margaidh iomlána, go háirithe ón tionscail árachais.

# Cuid 2
Cur go dearfach leis an timpeallacht réiteach éileamh.

## I. Cúirteanna:

Bunaíodh an PIAB le cúiteamh a sheachadadh chuig éilitheoirí díobhálaithe gan aon ghá le dlíthíocht i gcásanna iomchuí. Feidhmíonn an PIAB córas riaracháin páipéar-bhunaithe nach mbíonn éisteachtaí ó bhéal i gceist ann. Mura féidir éileamh a réiteach, tá ar an éilitheoir a éileamh a chur faoi bhráid an PIAB lena mheasúnú. Má ghlactar le measúnú íocann an páirtí atá freagrach méid an mheasúnaithe cúitimh leis an éilitheoir agus tá deireadh le cúrsaí. Meastar go réitítear 70% d'éilimh gan gá le dlíthíocht, rud a fhágann go mbíonn na Cúirteanna saor chun déileáil leis na héilimh níos casta a chonspóidtear agus na héilimh sin atá lasmuigh de shainchúram an PIAB.

## II. Costais Iomaíochais/Árachais:

Ní fhaigheann an PIAB maoiniú ón Státchiste. Gineann an PIAB táille ioncaim ó na héilitheoirí agus ó na freagróirí. D'fhág feabhsúcháin éifeachtúlachta leanúnacha le blianta beaga anuas go raibh laghduithe leantacha ar na táillí a ghearrtar. Tá an táille reatha de €600 ag an leibhéal is ísle anois ó thosaigh an Bord ag láimhseáil cásanna.

Tugadh mandáid don PIAB aghaidh a thabhairt ar chostas seachadta cúitimh agus an tréimhse ama inar seachadadh é a laghdú. Mar a bhfuil cur síos air in áit eile sa tuarascáil seo, laghdaíodh costais sheachadta agus ama go suntasach. Tá roinnt mhaith cúinsí eile a chuireann le costas árachais atá lasmuigh de shainchúram an PIAB.

## III. Taithí Éilitheora:

De ghnáth beidh fhios ag an éilitheoir laistigh de 3 mhí ar a mhéid ó iarratas comhlánaithe má tá an freagróir ag iarraidh go ndéanfaidh an PIAB an t-éileamh a mheasúnú, agus sa chás seo déanfar dámhachtain laistigh de naoi mí ó dháta an toilithe seo. Taobh amuigh de chostais liachta, is é an t-aon chostas láithreach ná táille iarratais €45 in-aisíoctha agus bíonn rochtain ag éilitheoirí ar Ionad Seirbhíse Tomhaltóra tiomanta mar aon le tacaíocht ar líne le haghaidh cúnaimh ar feadh an phróisis.

## IV. Léargas ar Pholasaí agus ar Éilimh:

Agus ár sainchúram á chomhlíonadh chun dámhachtainí cúitimh a sheachadadh, bailímid sonraí substainteacha ar dhíobhálacha agus ar chúinsí timpistí i réimse leathan suíomhanna. Tugann rochtain ar na sonraí seo, gan tréithe pearsanta luaite, léargas tábhachtach ar na cineálacha díobhálacha ar féidir le daoine a fhulaingt agus ar nádúr na dtimpistí a mbíonn siad páirteach iontu. Is féidir leis an eolas staitistiúil seo a bheith thar a bheith úsáideach dóibh siúd atá freagrach as bainistiú riosca agus cosc timpistí, lena n-áirítear Gníomhaireachtaí Stáit eile. Is féidir léargas dá leithéid cuidiú leis an bpobal ginearálta trí chur ar chumas an PIAB aird a tharraingt ar rioscaí mar aon le léargas a bheadh ag teacht chun cinn ar bhearta agus ar bheartais athshlánúcháin. Leanaimid orainn ag iniúchadh cibé ar féidir linn úsáid a bhaint as na sonraí éilimh le tionchar timpistí a chosc nó a laghdú níos fearr, i.e. minicíocht agus/nó déine timpiste

I mblianta roimhe seo, d'fhoilsigh an PIAB athbhreithniú cuimsitheach ar dhíobhálacha a d'eascair as timpistí san ionad oibre, timpistí mótair agus timpistí in áiteanna poiblí. Thug na hathbhreithnithe seo léargas suntasach ar thimpistí agus ar na héifeachtaí ina dhiaidh sin ar na daoine a bhí bainteach leis na teagmhais agus a rachaidh chun tairbhe iad siúd atá freagrach as bainistiú riosca. Mar fhoinse seasmhach eolais, tá an t-ionchas aige freisin a bheith giaráilte le cuidiú i dtimpistí a laghdú. In 2015 d'fhoilsíomar anailís ar dhámhachtainí dliteanas poiblí a rinneadh in 2014.

Tá an PIAB ag iarraidh samhail chódaithe díobhála idirnáisiúnta a ghlacadh chuici, bunaithe ar eolas liachta (samhail ICD10 na hEagraíochta Domhanda Sláinte) agus tá sé ag obair faoi láthair le gníomhaireachtaí eile ina leith seo. Trí chódú ár sonraí díobhála de réir na samhla seo, beidh anailís fheabhsaithe ar dhéine díobhálacha agus ar údair timpiste indéanta agus rachaidh sé chun tairbhe go háirithe d'eagraíochtaí/do ghníomhaireachtaí chun timpistí a chosc.

# Cuid 3
## Na costais riaracháin a bhaineann le réiteach éileamh díobhála pearsanta a laghdú.

**6,716**
**DÁMHACHTAINÍ AR GLACADH LEO**

**€151.35m**
**LUACH IOMLÁN DÁMHACHTAINÍ GLACTHA**

**6.5%**
**COSTAIS SHEACHADTA**

**TÁILLÍ**
**IS ÍSLE**
**RIAMH**

### Gníomhaireacht Fhéinmhaoinithe

Arís in 2015, d'fheidhmigh an eagraíocht gan aon chostas ar an Státchiste ná ar an gcáiníocóir. Ó bunaíodh an Bord ba ranníocóir glan ar an Státchiste é, gan aon airgead á fháil aige ach ranníocaíocht á dhéanamh i dtéarmaí cánach, ÁSPC agus íocaíochtaí pinsin. Tagann ioncam an PIAB ó na táillí a ghearrann sé, ar fhreagróirí go príomha (nó ar a gcuid árachóirí), agus gearrtar táille iarratais bheag ar éilitheoirí. In 2015, ghearramar táille €600 ar fhreagróirí agus €45 ar éilitheoirí. Tháinig méadú 6% ar an líon na n-iarratas, a thiomáineann ioncam, ar leibhéil 2014. B'ionann ioncam iomlán don bhliain agus thart ar €12 milliún. Thaifead an PIAB barrachas de €1.2m in 2015.

### Fócas Leantach ar Éifeachtúlacht

Bhí fócas leantach in 2015 ar luach ar airgead a fháil sna soláthairtí agus na seirbhísí a sholáthair an PIAB. Baineadh úsáid as Tairiscintí Iomaíocha agus conarthaí Rialtais Láir chun coigiltis agus éifeachtachtaí a bhaint amach.

Déanaimid iarracht ár soláthraithe a íoc laistigh de théarmaí na reachtaíochta prasíocaíochta (ar 30 lá é ó réiteach aon saincheisteanna a eascraíonn as sonrascú). In 2015, bhí comhlíonadh sa bhreis ar 99.7% againn agus 81.7% de na sonraisc íoctha laistigh de Threoirlínte an Rialtais de 15 lá. I gcásanna inar sháraigh líon na laethanta 30 lá, íocadh ús íocaíochta pras. B'ionann méid an úis phrasíocaíochta in 2015 agus €2,579. Tá na tuairisceáin ráithiúla ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Íocann an Bord thart ar 24,000 sonrasc in aghaidh na bliana. In 2015 íocadh 100% de na sonraisc seo le hAistriú Cistí Leictreonach, méadú ar leibhéil 2014 agus ag teacht leis an tionscnamh ríomhRialtais.

### Coigilteas Costais

In 2015, sheachaid an PIAB an leibhéal reatha cúitimh ar chostas seachadta 6.5% Níl costais sheachadta an Bhoird bunaithe ar chéatadán de mhéid na dámhachtana ach is táillí seasta den chuid is mó iad.

Dá mhéad cásanna ar féidir a phróiseáil trí shamhail ísealchostais is ea is mó tionchair ar chostais fhoriomlána éileamh a chuireann le leibhéil phréimheanna árachais.

In 2015, ghlac custaiméirí an PIAB le 6,716 Dámhachtain a raibh cúiteamh de €151.35 milliún de thoradh orthu. Tá na figiúirí cuí ó 2010 le fáil i dTábla 2.1. D'fhéadfadh sé go réitítear céatadán mór de na dámhachtainí a ndiúltaítear dóibh go luath ina dhiaidh sin mar nach mbíonn siad le feiceáil sna sonraí dlíthíochta ón tSeirbhís Chúirteanna. Bíonn tionchar ar luach foriomlán an chúitimh a bhronnann an PIAB ag an meascán éileamh a fhaightear i.e. an éileamh Mótair, Áit Phoiblí nó Ionad Oibre atá i gceist, mar aon le déine na ndíobhálacha agus na gcaillteanas airgeadais laistigh de gach ceann de na catagóirí seo.

**Tábla 2.1 Líon agus Luach Iomlán Dámhachtainí Glactha an PIAB**

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDámhachtainí Glactha | 5,038 | 5,875 | 6,124 | 6,476 | 7,519 | 6,716 |
| Luach Iomlán Dámhachtainí Glactha | €108.24m | €122.71m | €127.62m | €142.57m | €165.97m | €151.35m |

**Tábla 2.2 Costais Sheachadta an PIAB**

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Costais Sheachadta Iomlána an PIAB | €9.52m | €10.68m | €11.47m | €10.76m | €11.17m | €9.84m |

Léiríonn Tábla 2.2 costais sheachadta iarbhír an PIAB de €9.84m. Is ionann na costais sin agus méid na táille a d'íoc an freagróir/árachóir mar aon le costais 3ú pháirtí mar an costas a bhaineann le tuairiscí liachta. Cinntíonn an t-ioncam ó tháillí go bhfeidhmíonn an PIAB ar bhonn féinmhaoinithe agus nach mbíonn gá le hidirghabháil ón Státchiste.

# Cuid 4

## Seirbhís den scoth do chustaiméirí a sheachadadh ó eagraíocht éifeachtúil, sholúbtha agus chostas-éifeachtach.

**56,000**
GLAONNA CHUIG AN IONAD SEIRBHÍSÍ

**258,257**
CUAIRTEANNA LÁITHREÁIN GHRÉASÁIN

**357,000**
MÍREANNA SA PHOST

**25,000**
COINNITHE LIACHTA SOCRAITHE

### Seirbhís do Chustaiméirí

Déantar seirbhís do chustaiméirí a sheachadadh tríd an Ionad Seirbhíse líne thosaigh agus trí ghníomhaíochtaí a thugann na Foirne Measúnaithe an Ionaid chun críche. Cuireann Ionad Seirbhíse an PIAB a leanas ar fáil:

- Eolas mionsonraithe agus cúnamh d'éilitheoirí agus d'fhreagróirí ionchasacha agus éilimh á gcur chun cinn;
- Treoir mhionsonraithe agus cúnamh d'éilitheoirí agus iarratais á gcomhlánú;
- Tá an tIonad Seirbhíse do Chustaiméirí ar fáil ar Ló-Ghlao uimhir 1890 829 121 ó 8am go 8pm Luan go hAoine. Chomh maith leis seo féadfaidh éilitheoirí díreacha a n-iarratais a chomhlánú ar líne anois 24/7 agus saoráidí comhrá gréasáin (le linn uaireanta oibre) ar fáil chun cuidiú le héilitheoirí díreacha i rith an phróisis

I rith 2015, láimhseáladh breis agus 33,000 iarratas agus rinneadh measúnú i 11,734 cás.

In 2015, lean an PIAB air ag cur próisis measúnaithe éileamh atá follasach agus inrochtana ar fáil tríd an Ionad Seirbhíse. In 2015 fuair an tIonad os cionn 56,000 glao, agus freagraíodh 98% díobh sin laistigh de 20 soicind i ndiaidh teachtaireacht fháiltithe uathoibríche an-ghearr; láimhseáladh 357,000 mír sa phost, 110,000 mír poist leictreonach agus 18,300 faics. Ina theannta seo socraíodh beagnach 25,000 coinne liachta in 2015 chun tacú le measúnuithe tráthúla.

Cuidíonn an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí le héilitheoirí faoi riachtanais speisialta e.g. deacrachtaí teanga nó leochaileachtaí eile. Tá an t-aiseolas ó chustaiméirí a chuaigh i dteagmháil lenar líne chabhrach an-dearfach agus taifeadadh ardleibhéil sásaimh.

Tá ár Nós Imeachta foilsithe ar ár láithreán gréasáin mar aon le bosca ríomhphoist atá tiomnaithe do chustaiméirí. Níor tuairiscíodh aon cheisteanna suntasacha in 2015. Fáiltímid roimh aiseolas custaiméara ag am ar bith agus úsáidimid é seo mar dheis luachmhar chun athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis reatha agus eispéireas an chustaiméara a fheabhsú.

### Láithreán Gréasáin

Is príomhfhócas do rannpháirteachas agus roinnt eolais lenár gcustaiméirí é láithreán gréasáin an PIAB www.injuriesboard.ie. Cuireann an láithreán gné níos dírithe ar an gcustaiméir ar fáil lena n-áirítear roghanna ar líne chun éilimh a chur isteach go díreach. Tá dearadh agus nascleanúint shimplí ar an láithreán mar aon le teanga shoiléir, inrochtana, intuigthe agus eolas soiléir faoin gcaoi le héileamh a dhéanamh. Tá foirm éasca ar líne ar fáil anois, le treoracha soiléire agus feidhmeanna cúnaimh, tacaíocht ar líne, éagsúlacht roghanna teagmhála lena n-áirítear glaonna ar ais, foirmeacha teagmhála agus comhrá gréasáin, roghanna aiseolais tríd an suíomh agus an fhoirm ar líne, agus láthair eolais agus nuachta dinimiciúil. Áirítear ar an láithreán sruth nuachta díreach ó chuntas Twitter an PIAB. Cuidíonn

úsáid na meán sóisialta agus an sruth nuachta seo linn ceangal a dhéanamh go díreach lena chustaiméirí i bhfíor-am.

Tá taithí úsáideora leis an suíomh seo fós dearfach agus méadú beagnach 10% ar chuairteanna in 2015 agus méadú 6.5% ar líon na n-éileamh ag teacht ar an gcainéal ar líne i gcomparáid le 2014. Tá leibhéil sástachta go maith os cionn 90% mar a tuairiscíodh trí na cainéil aiseolais. In 2015 bhí 258,257 cuairt ar an láithreán gréasáin i gcomparáid le 235,599 cuairt in 2014.

### Feidhmchlár fóin chliste ("aip")

Tá feidhmchlár fóin chliste an PIAB ceaptha oideachas agus eolas a chur ar an bpobal faoi ról an PIAB agus chun eolas a chur ar fáil ar an bpróiseas éilimh díobhála pearsanta. Déanann sé láithreán gréasáin cairdiúil an PIAB mar aon lena sheirbhís éileamh dhíreach ar líne, a chomhlánú.

## Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide

Is príomhchumasaí é an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Is é ár straitéis leanúint ar aghaidh ag infheistiú san ICT leis an bhféinseirbhís a fheabhsú agus chun an leibhéal idirghníomhíochta lenar bpríomh-gheallsealbhóirí a mhéadú. Agus aird á thabhairt ar sin, rinneamar nuashonrú ar ár gcóras Bainistithe Éileamh in 2015 go dtí leagan le hinrochtaineacht gréasáin. Éascóidh an leagan nuashonraithe seo comhéadan níos éasca via "tairseacha" lenár bpríomh-gheallsealbhóirí (Éilitheoir, Freagróir, Pobal Liachta/Dlíthiúil) agus tá an t-ionchas aige tograí suntasacha seirbhíse agus luach a sheachadadh sa todhchaí. Cuirfear tús leis na tairsí sin a sheachadadh in 2016.

## Áiseanna – Áitreabh ar Léas

Tá áitreabh faoi láthair ag an PIAB i dTeach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Ó Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar fho-léas ar théarma 20 bliain trí Oifig na nOibreacha Poiblí a threoraíonn agus a bhainistíonn an bunléas.

## Athbhreithniú ar Úsáid Fuinnimh in 2015

Táimid, mar ghníomhaireacht earnála poiblí, tiomanta go hiomlán dár ról i mbaint amach spriocanna éifeachtúlachta (laghdaithe) fuinnimh, ar ionann iad agus 33% faoi láthair ar fud na hearnála poiblí faoi 2020. Ina leith seo cheap an PIAB Foireann Bainistithe Fuinnimh a d'fhorbair Beartas Fuinnimh, ar glacadh leis in 2011.

## Úsáid Fuinnimh 2015

In 2015, d'ídigh an Bord Díobhálacha 208,250 KWh fuinnimh, ar úsáid leictreachais amháin a bhí i gceist. Léiríonn sé seo méadú de 5,050 KWh ar an úsáid in 2014.

### Gníomhartha a Rinneadh in 2015

In 2015 thugamar faoi raon tionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear:

- Clár feasachta leanúnach don fhoireann bainteach le caomhnú fuinnimh

### Gníomhartha Beartaithe do 2016

I 2016, tá sé i gceist againn feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí seo a leanas a thabhairt chun críche:

- Uasghrádú an chórais Aeroiriúnaithe a phleanáil agus a uasghrádú
- Clár feasachta leanúnach don fhoireann bainteach le caomhnú fuinnimh

## Acmhainní Daonna

Ceann de phríomhchuspóirí an PIAB é cultúr nuálaíochta agus barr feabhais a chur chun cinn, eagraíocht éifeachtach sholúbtha á cothú le foireann oilte spreagtha agus éifeacht dhearfach na teicneolaíochta á huasmhéadú.

Le linn 2015, bhain roinnt de na dúshláin a bhí romhainn le daoine maithe a choinneáil, misneach a chothabháil agus coinníollacha oibre a fheabhsú. Chabhraigh maolú an mhoratóra ar earcú foirne agus an cead a fuaireamar ár bhfoireann a mhéadú go dtí 80 linn in 2015 Le linn 2015 thionólamar 4 chomórtas earcaíochta le haghaidh grád éagsúla agus fuaireamar os cionn 500 iarratas ó iarrthóirí ionchasacha. Cuireadh fógraí ar ár láithreán gréasáin, sna nuachtáin náisiúnta, ar an láithreán gréasáin Public Jobs agus leithdháileadh iad ar Rehab, ar an nGréasán Náisiúnta Foghlama agus ar Chumann na hÉireann d'Fhostaíocht agus d'Infhostaitheacht faoi Thacaíocht, rud a chinntigh comhdheiseanna do chách. Ag eascairt as na comórtais sin, thugamar ardú céime d'ochtar ball foirne a bhí ann cheana go dtí gráid níos airde agus cheapamar beirt ón taobh amuigh.

Le linn 2015 baineadh úsáid as Comhpháirtíocht chun aghaidh a thabhairt ar an ngá a bhí le comhairliúchán éifeachtach chun leasa na heagraíochta ina hiomláine. Ag eascairt as na comhairliúcháin sin tá gréasáin phostroinnte lárnaíocha fostaithe sa bhreis tugtha isteach againn a thabharfaidh tacaíocht do gach fostaí cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a bhaint amach. Thacaíomar i gcónaí le roghanna oibre neamhghnácha ach d'oibríomar in 2015 chun na roghanna atá ar fáil don fhoireann a fheabhsú agus muid ag cinntiú go bhfuil na riachtanais ghnó á gcomhlíonadh. Lena chois sin

baineadh úsáid as an bpróiseas Comhpháirtíochta chun an próiseas Bainistíochta Feidhmíochta a athbhreithniú agus a fheabhsú ionas go mbeidh sé níos éifeachtaí agus chun forbairt phearsanta a chur chun cinn go gníomhach.

Trínár bhFóram Comhchoiste Comhairleach thugamar isteach athruithe ar phríomhbheartais mar an polasaí an Chóid Iompair.

Leanaimid de bheith ag díriú ar shláinte, sábháilteacht agus folláine an fhostaí agus tugaimid tacaíocht do chlár Folláine Fostaithe chun cabhrú le baill foirne dul i ngleic le fadhbanna pearsanta nuair a bhíonn tionchar acu ar fheidhmíocht nó tinreamh oibre, nó sa chás ina bhfuil tionchar acu ar fholláine agus ar shláinte go ginearálta. Tá an scéim seo deonach agus saor in aisce d'fhostaithe, beag beann ar fhad na seirbhíse. Le linn 2015 d'éascaíomar seisiúin faisnéise am lóin a chuaigh chun leasa d'fhorbairt iomlánaíoch na foirne. Clúdaíodh ábhair mar Theacht Aniar a Neartú, Tuismitheoireacht Dhearfach agus Garchabhair. Leanaimid de bheith ag déanamh monatóireachta ar leibhéil saoire bhreoiteachta agus tá clár um fhilleadh ar an obair i bhfeidhm d'fhostaithe a bhí chomh mí-ámharach sin gur chaill siad am ón obair. Tá áthas orainn a thuairisciú go raibh an ráta breoiteachta is ísle i gceithre bliana againn i rith 2015.

D'oibríomar le linn 2015 chun an clár Oiliúna agus Forbartha a fhorbairt agus chun uasoiliúint agus foghlaim leanúnach a chur chun cinn, agus eisíodh tairiscint in 2015 le haghaidh soláthróra nua chun clár oiliúna saincheapa a fhorbairt.

Feictear rannpháirtíocht na bhfostaithe mar phríomhthosaíocht ag an PIAB agus leanaimid orainn ag tabhairt tacaíochta do bhaill foirne chun cleachtaí sóisialta agus neartú na foirniúlachta a shocrú, rud a thabharfaidh spreagadh do rannpháirtíocht an fhostaí. I rith na bliana d'eagraigh ár bhfoireann gníomhaíochtaí bailithe airgid do roinnt carthanachtaí lena n-áirítear Ospidéal na Leanaí Shráid Temple.

## Iniúchadh Inmheánach

Is gné lárnach é an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh chun an Bord rialaithe a chur ar an eolas faoi éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha de réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ullmhaíodh tuarascálacha Iniúchóra Inmheánaigh in 2015 a chlúdaigh réimsí leathana: Airgeadas, Oibríochtúil agus Eagraíochtúil. Cuireadh na tuarascálacha seo os comhair an Choiste Iniúchta agus níor aithníodh aon saincheisteanna suntasacha.

## Rialachas Corparáideach

Feidhmíonn PIAB de réir fhorálacha an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 arna leasú in 2007. Feidhmíonn PIAB faoi choimirce an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a bhfuil de chumhacht aige maoiniú a sholáthar don Ghníomhaireacht lena chur ar a cumas a dualgas a chomhlíonadh agus faisnéis áirithe ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta a lorg.

I dteannta téarmaí ar reachtaíochta rialaithe féin, caithfimid cloí freisin le raon leathan eile de cheanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin. Go háirithe tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn lena chinntiú go gcomhlíonfar na ceanglais shainiúla seo a leanas:

### Cód Cleachtais le haghaidh Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag an PIAB lena chinntiú go gcloítear leis an gCód. Go bliantúil, deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go foirmiúil don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta gur chloígh an PIAB leis an gCód. Mar chuid de riachtanais an Chóid, tá Comhaontú Seirbhíse á fhorbairt againn lenár Máthair-Roinn agus cloímid leis.

### Bainistiú Riosca

Chuireamar nósanna imeachta Bainistithe Riosca i bhfeidhm i rith na bliana mar a bhfuil cur síos orthu inar gCreat Bainistithe Riosca. Tá an creat cuimsitheach seo comhtháite go hiomlán le Clár Dearbhaithe Cáilíochta an PIAB agus leis an timthriall Pleanála Gnó.

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tagann an PIAB laistigh de scóip an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun an tAcht a chomhlíonadh. Dá réir, nuair is gá, tá ráitis shainleasa tugtha chun críche ag Comhaltaí an Bhoird agus ag gach ball foirne a bhfuil post sainithe acu le forálacha an Achta a chomhlíonadh. Sa bhreis air sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm do nochtadh leanúnach leasanna Chomhaltaí an Bhoird ar cheist í a chuirtear ag tús gach cruinniú den Bhord. Bíonn an fhoireann ag an leibhéal bainistíochta faoi réir ag an reachtaíocht seo freisin.

### An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an PIAB chun forálacha an Achta a chomhlíonadh. Tá Ráiteas Sábháilteachta glactha againn a chuimsíonn gach gné de leas na foirne. In 2014, leis an Acht a chomhlíonadh, thairg an PIAB scrúduithe súl Threalamh Scáileán Taispeána don fhoireann uile don chúigiú huair ó bunaíodh an eagraíocht.

### Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tá an PIAB tiomanta do pholasaí chomhionannas deiseanna agus glactar cur chuige dearfach i leith an chomhionannais san eagraíocht. Tá an PIAB tiomanta do thimpeallacht oibre/saoil chothrom a fhorbairt. Feidhmíonn sé socruithe fleisc-ama faoi láthair don fhoireann ghrádaithe a bhfuil ceanglas orthu maidir le huaslíon agus íoslíon uaireanta oibre. Tar éis dúinn cead a fháil foireann bhreise a earcú chun an fhoireann a thabhairt go dtí 80, phlé an Coiste Comhpháirtíochta roghanna oibre feabhsaithe agus tá sé beartaithe roghanna atá ar fáil sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne a rolladh amach le haghaidh fhoireann an PIAB i lár 2016. Bhain naonúr den fhoireann leas as Saoire Thuismitheoireachta in 2015, as a n-oibríonn seachtar seachtain oibre laghdaithe faoi Shaoire Thuismitheoireachta. Bhain cúpla duine den fhoireann leas as saoire atharthachta íoctha in 2014.

### Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Is rialaitheoir sonraí cláraithe é an PIAB faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Feidhmíonn an PIAB de réir Beartas Cosanta Sonraí foirmiúil mar a comhaontaíodh le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Cuireann sé seo an PIAB ar thús cadhnaíochta ó thaobh nósanna imeachta cosanta sonraí a chur i bhfeidhm, cearta bunúsacha príobháideacha an duine á gcosaint aige mar seo agus rialú á fheidhmiú ar an gcaoi a chuirtear faisnéis phearsanta ar fáil faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

### An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Tugadh an PIAB faoi réimse freagrachtaí na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise le linn 2015. Tá roinnt iarratas faighte ag an eagraíocht ó shin lena n-áirítear iarratais a bhaineann le cás agus iarratais níos ginearálta. Táimid ag obair go gníomhach ar fhoilsiú Alt 8 den Scéim Fhoilseacháin mar a cheanglaítear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise agus foilseofar é sin ar ár láithreán gréasáin in Aibreán 2016.

### Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann an PIAB faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuireann creat reachtúil ar fáil chun seirbhísí a sheachadadh i nGaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.

### Soláthar

Is tairiscint iomaíoch í an nós imeachta a úsáideann an PIAB de ghnáth sa phróiseas soláthair. Bhí aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar thairseacha luacha do chur i bhfeidhm rialacha soláthair. Deimhníonn an PIAB go gcomhlíontar nósanna imeachta tairisceana i ndáil le tairiscintí iomaíocha. Áireofar leis seo go gcloítear le treoirlínte náisiúnta agus Treoracha ábhartha ón AE, a bhfuil feidhm dlí leo in Éirinn agus i ngach Ballstát. Déanaimid athbhreithniú agus nuashonrú ar a chuid nósanna imeachta agus beartas soláthair go leanúnach agus soláthraítear oiliúint freisin don phearsanra cuí sa réimse teicniúil tábhachtach seo.

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Aithníonn an PIAB go bhfuil sé freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2012, i ngach pointe ábhartha. Is é ár mbeartas a chinntiú go ndéantar rianú ar gach sonrasc agus go n-íoctar iad go tapa roimh an dáta dlite chun críche úis agus táillí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun dearbhuithe réasúnacha a chur ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

### Cánachas

Deimhníonn an PIAB go gcomhlíontar dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil an PIAB ina eiseamláir agus é ag comhlíonadh a oibleagáid faoi dhlíthe cánach agus go n-íoctar dliteanais chánach ar na dátaí dlite iomchuí nó roimh na dátaí sin.

### Pleanáil Straitéiseach

Feidhmíonn an PIAB de réir a Phlean Straitéiseach don tréimhse 2014-2019. Leagtar amach sa phlean seo amach príomh-Chuspóirí Straitéiseacha an PIAB thar na blianta atá le teacht mar aon leis na príomhghníomhartha atá le déanamh chun na Cuspóirí seo a bhaint amach. Ag an leibhéal Oibríochta ailínítear cuspóirí foirne agus Pleananna Gnó Bliantúla le Cuspóirí Straitéiseacha an PIAB i gcónaí.

## Caidreamh le Geallsealbhóirí

Choinnigh an PIAB lena chlár rannpháirtíochta le príomh-gheallsealbhóirí i rith 2015. Sa bhreis ar chruinnithe caidrimh rialta leis an mháthair-Roinn (Post, Fiontar & Nuálaíochta) agus le hionadaithe ó ghrúpaí éilitheoirí agus freagróirí, bhuail an PIAB le go leor geallsealbhóirí eile i rith na bliana. Tá aiseolas ónár gcuid geallsealbhóirí riachtanach agus sinn ag leanúint ag forbairt, ag feabhsú agus ag feidhmiú beartas.

Seo a leanas roinnt de na heagraíochtaí a raibh cruinnithe againn leo i rith na bliana: An tSeirbhís Chúirteanna, Dlí-Chumann na hÉireann, Insurance Ireland, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, IBEC, an Roinn Airgeadais, Roinn an Taoisigh agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Chomh maith leis seo rinneadh roinnt cur i láthair le comhlachtaí éagsúla lena n-áirítear Medico-Legal Society agus OÉ Gaillimh. Ghlac an PIAB páirt freisin sa Tionscnamh Taking Care

of Business á reáchtáil ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus bhí seastán acu ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

### Grúpaí Úsáideoirí

Mar chuid de thiomantas leanúnach an PIAB chun seirbhísí a fheabhsú dár ngeallsealbhóirí reáchtáladh cruinnithe fóraim úsáideoirí leis an Dlí-Chumann agus le Insurance Ireland araon.

### Comhoibriú Idir-Ghníomhaireachta

Tá ionadaíocht ag an PIAB ar an gCoiste Sábháilteachta Feithicle Bainteach le Sláinte & Sábháilteachta san Ionad Oibre a reáchtálann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) agus an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA). Táimid tar éis sonraí comhiomlánaithe ábhartha a chur ar fáil maidir le timpistí san ionad oibre a mbeadh feithiclí mar fhorc-ardaitheoirí bainteach leo. Tá an t-eolas seo úsáideach i dtéarmaí clár sábháilteachta an RSA agus an HSA.

### Taighde Feasachta

Choimisiúnaigh an PIAB taighde i rith na bliana chun feasacht an phobail ar an PIAB agus ar a phróisis a thomhas. Tá na torthaí sin mórán mar a bhí in 2014, sé sin go bhful leibhéil feasachta ar eagraíocht a dhéileálann le cúiteamh fós ag 45% agus feasacht spreagtha bhranda na heagraíochta fós ag beagán os cionn 50%. Tá a fhios ag céatadán beag níos mó daoine nach mór na héilimh a phróiseáil tríd an PIAB agus gur féidir éilimh a dhéanamh go díreach. Tá na figiúirí sin fós an-íseal.

Tá cumarsáidí dírithe go ginearálta i gcónaí ar ár n-úsáideoirí sonracha agus ár n-éilitheoirí ionchasacha le cinntiú go bhfuil rochtain acu ar ár gcóras agus tuiscint acu faoin gcaoi le nascleanúint a dhéanamh air, in áit a bheith dírithe ar an bpobal ginearálta.

Cuidíonn an taighde sin linn inár gclár faisnéise poiblí. Cé nach ndéanfaidh ach céatadán beag den phobal éileamh in aon bhliain ar bith tá sé tábhachtach go mbeadh eolas ar fáil acu sin a mbíonn timpistí acu a luaithe agus is féidir leo le gur féidir cinneadh a bhfuil bonn eolais faoi a dhéanamh faoin gcaoi le dul chun cinn le héileamh má thograíonn siad cúiteamh a lorg.

# Cuid 5
## Ráitis Airgeadais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2015

**Clár** **Leathanach**


| Clár | Leathanach |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 19 |
| Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 20 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais | 20 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 22 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim coinnithe | 23 |
| Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach | 24 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | 25 |
| Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid | 26 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 27 |

| **Eolas Ginearálta** | | |
|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Dermot Divilly (Cathaoirleach) | |
| | Conor O'Brien (CEO) | A chuir tús lena phost mar phríomhfheidhmeannach |
| | Patricia Byron (Iar CEO) | Comhaltaí boird a d'éirigh as an 31 Márta 2015 |
| | Maurice Priestley | Ina gcomhaltaí boird ón 1 Aibreán - 30 Meán Fómhair 2015 mar Phríomhfheidhmeannach Gníomhach |
| | Walter Cullen | |
| | Margot Slattery | |
| | Dermot Gorman | |
| | Breda Power | |
| | Martin Naughton | |
| | John Lynch | |
| | Fionnuala O'Loughlin | |
| | Mick Stewart | |
| | Karen O'Leary | |
| | | |
| **Oifig** | Teach Grain<br>Halla an Mharartáin<br>Cearnóg Belgard Thuaidh<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24 | |
| | | |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2 | |
| | | |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>4 - 6 Priorsgate<br>An tSráid Mhór<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24 | |
| | | |
| **Aturnaetha** | Arthur Cox & Co.<br>Ionad Phort an Iarla<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 | |
| | | |
| **Láithreán Gréasáin** | www.injuriesboard.ie | |

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Ceanglaíonn Alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003 ar an mBord ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhormáid agus sa tslí atá sonraithe ag an Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta.

Agus an Bord ag ullmhú na ráiteas airgeadais seo, éilítear air:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ag feidhmiú.
- A lua ar leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe, faoi réir ag aon imeacht ábharthach sna ráitis airgeadais a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go mbíonn na ráitis airgeadais ag cloí le hAlt 77 den Acht. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní a chosaint agus as sin céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Arna síniú thar ceann an Bhoird:

**John Lynch**

*An 21 Aibreán 2016*

**Martin Naughton**

*An 21 Aibreán 2016*

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

### Freagracht as córas rialaithe airgeadais inmhéanaigh

Thar ceann Bhord Bainistíochta an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta, tugaim aitheantas don fhreagracht atá orainn a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhsí thráthúla.

### Príomh-Nósanna Imeachta Rialaithe

Tá céimeanna glactha ag an PIAB chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- deighilt shoiléir idir feidhmeanna agus cumhachtaí an Bhoird agus an Fheidhmeannais a dhéanamh foirmiúil;
- riachtanais tuairiscithe a bhaineann le cúrsaí airgeadais agus cúrsaí gaolmhara a shocrú;
- Coiste Iniúchta le téarmaí tagartha sainithe a bhunú;
- caidreamh a bhunú le comhlacht seachtrach cuntasóirí a sholáthróidh seirbhís iniúchta inmheánaigh don PIAB;
- Cóid Iompair a fhoilsiú do Stiúrthóirí agus d'fhostaithe an PIAB araon; agus
- féachaint le cultúr láidir cuntasachta a chothabháil ar fud na heagraíochta.

Cloíonn an Bord le ceanglais uile an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ('an Cód') a mhéid is atá iomchuí do chomhlacht Stáit neamhthráchtála.

Tá próisis bunaithe ag an mBord chomh maith chun rioscaí gnó a aithint agus meastóireacht a dhéanamh orthu trí:

- nádúr, méid agus tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis na rioscaí atá os comhair an PIAB a aithint, lena n-áirítear an méid agus na catagóirí a mheastar a bheith inghlactha;
- measúnú a dhéanamh ar an dóigh go dtarlóidh rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- aird ar oibriú chostais rialuithe áirithe i gcomparáid leis an leas a fhaightear.

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre d'eolas rialta bainistithe, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear, a mhéid is indéanta le haird ar scála an PIAB, deighilt dualgas agus córas cleachtais tarmligin agus cuntasachta. Áirítear ann go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, a athbhreithníonn agus a chomhaontaíonn an Bord;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas; agus
- athbhreithnithe iniúchta inmheánacha rialta.

Cheap an Bord Deloitte chun feidhmiú ina hiniúchóirí inmheánacha agus chun tuairisc a thabhairt don choiste iniúchta.

Áirítear ar an gcoiste iniúchta, atá comhdhéanta de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, daoine a bhfuil eolas acu ar chuntasaíocht, rialú inmheánach agus ábhair bhainistíochta riosca. Tá sé de chúram ag an gcoiste iniúchta chomh maith a chinntiú go gcoinnítear an Bord ar an eolas faoi na hábhair atá pléite aige.

Oibríonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh de réir Cairt Iniúchta Inmheánaigh faofa, atá i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach sa Chód. Tá plean oibre iniúchta inmheánaigh trí bliana cinnte i gcomhairle leis an gcoiste iniúchta agus déantar é a athbhreithniú gach bliain agus a athchóiriú de réir mar is gá. Cuireann an plean oibre iniúchta inmheánaigh san áireamh réimsí priacail ionchasacha a sainaithníodh le linn measúnú priacal a rinne Deloitte. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuairiscí rialta ar thascanna atá i gcrích ar fáil don choiste iniúchta. Leagann na tuairiscí sin béim ar easpaí nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh agus na bearta ceartaitheacha a mholtar a ghlacadh nuair is gá.

## Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním, maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2015, go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus chur obair an iniúchóra inmheánaigh, an coiste iniúchta, a dhéanann maoirseacht ar ar obair an iniúchóra inmheánaigh, agus feidhmiúcháin an PIAB, atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, athbhreithniú an Bhoird ar an eolas.

Arna síniú thar ceann an Bhoird;

**Dermot Divilly**

*Cathaoirleach*

*An 21 Aibreán 2016*

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil arna tíolacadh ar Thithe an Oireachtais

### An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de ráiteas maidir le hioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim coinnithe, an ráiteas maidir le hioncam cuimsitheach, an ráiteas maidir le staid airgeadais, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 77 d'Acht 2003 agus de réir cleachtais chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta.

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An fhreagracht atá orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir dlí infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déanaim m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag cloí le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird Chleachtais Iniúchta ag an am céanna.

### Scóip iniúchta na ráiteas airgeadais

I rith iniúchta, ní mór fianaise a fháil faoi na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, fianaise leordhóthanach a thabharfadh deimhniú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráitis ábhartha, cibé ar calaois nó earráid is cúis leo. Áirítear air sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na an Bhoird, agus ar cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nochtadh ar shlí leordhóthanach iad
- réasúnacht na meastachán cuntasaíochta suntasach a dhéantar agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Lorgaím fianaise chomh maith faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léigh mé tuarascáil bhliantúil an Bhoird chun aon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas a dhealraíonn sé go bhfuil sé mícheart go hábhartha bunaithe ar an eolas a fuair le linn an t-iniúchadh seo a chur i gcrích, nó nach bhfuil sé ag teacht go hábhartha leis an eolas sin. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha faoi deara, breithním na tionchair a bheidh acu sin ar mo thuarascáil.

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim é go dtugann na ráitis airgeadais:

- léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a ioncam agus ar chaiteachas do 2015; agus
- go bhfuil siad ullmhaithe de réir an chleachtais cuntasaíochta a ghlactar go ginearálta leis.

Is é mo thuairimse é go raibh taifid chuntasaíochta an Bhoird leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Ábhair lena dtuairiscím trí eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht mura bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó:

- má thug m'iniúchadh aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe ar aird, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Bhoird ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó nach bhfuil sé ag teacht leis an eolas a fuair mé le linn an t-iniúchadh seo a chur i gcrích, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach comhlíonadh an Bhoird leis an gCód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit, nó
- má fhaighim go bhfuil nithe ábhartha eile ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

**Patricia Sheehan**

Don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar a cheann

*27 Aibreán 2016*

# Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2015

| | NÓTAÍ | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ioncam ó Tháillí | 2 | **11,756,463** | 11,580,807 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | 12 | **0** | 7,667 |
| Ioncam Eile | | **11,045** | 65,347 |
| Ioncam Iomlán | | **11,767,508** | 11,653,821 |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus costais ghaolmhara | 3 | **5,475,132** | 5,451,331 |
| Costais Phróiseála Éileamh | 4 | **2,696,845** | 2,497,312 |
| Táillí na gComhaltaí Boird | 3 | **80,370** | 62,666 |
| Costais Chóiríochta & Bhunaíochta | 5 | **424,587** | 453,857 |
| Earcú, Oiliúint & Oideachas | 5 | **64,795** | 46,724 |
| Faisnéis, Taighde & Cumarsáid | 5 | **332,084** | 342,900 |
| Costais Dlí & Táillí Gairmiúla | 5 | **299,183** | 255,171 |
| Costais Athbhreithnithe Breithiúnach | 5 | **1,682** | 100,230 |
| Costais TF | 5 | **362,559** | 383,324 |
| Costais Teileachumarsáide | | **68,865** | 112,659 |
| Riarachán Ginearálta | 5 | **616,421** | 552,130 |
| Caillteanas ar Dhiúscairt Shócmhainní Seasta | | **0** | 264 |
| Dímheas | | **188,616** | 198,265 |
| Caiteachas Iomlán | | **10,611,139** | 10,456,833 |
| **BARRACHAS IONCAIM THAR CHOSTAIS RIARACHÁIN** | | **1,156,369** | 1,196,988 |
| **Ús Infhaighte** | | **45,834** | 121,896 |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN** | | **1,202,203** | 1,318,884 |
| | | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir** | | **16,678,504** | 15,359,620 |
| **IARMHÉID AG DEIREADH NA BLIANA** | | **17,880,707** | 16,678,504 |

Baineann an t-ioncam agus caiteachas ar fad don bhliain le gníomhaíochtaí leanúnacha ag dáta an chláir chomhardaithe. Áirítear na gnóthachain agus caillteanais ar fad a aithnítear sa bhliain sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 16.

| Thar ceann an Bhoird | Thar ceann an Bhoird |
|---|---|
| **John Lynch** | **Martin Naughton** |
| *21 Aibreán 2016* | *21 Aibreán 2016* |

# Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

| | NÓTAÍ | 2015 € | 2014 € |
|---|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | | **1,202,203** | 1,318,884 |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 13 | **234,000** | 285,000 |
| Athruithe i mboinn tuisceana a bhíonn mar bhonn ag luach reatha oibleagáidí sochair scoir | 13 | **3,132,000** | (7,413,000) |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Sochair Scoir Iarchurtha | 13 | **(3,366,000)** | 7,128,000 |
| **Ioncam Cuimsitheach eile don bhliain** | | **1,202,203** | **1,318,884** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 16.

| Thar ceann an Bhoird | Thar ceann an Bhoird |
|---|---|
| **John Lynch** | **Martin Naughton** |
| *21 Aibreán 2016* | *21 Aibreán 2016* |

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais
## Amhail an 31 Nollaig 2015

| | NÓTAÍ | 2015<br>€ | 2015<br>€ | 2014<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 6 | | **324,777** | | 301,501 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | 7 | **2,046,763** | | 1,537,320 | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | **932,147** | | 1,654,856 | |
| Taiscí Gearrthéarmacha | | **16,534,709** | | 15,502,218 | |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **19,513,619** | | **18,694,394** | |
| | | | | | |
| **Suimeanna Iníoctha: méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Suimeanna Iníoctha: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | 8 | **1,229,482** | | 1,441,932 | |
| | | | | | |
| **Glan-Sócmhainní Reatha** | | | **18,284,137** | | 17,252,462 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | | **18,608,914** | | 17,553,963 |
| | | | | | |
| **Creidiúnaithe: Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Soláthar le haghaidh dliteanas agus muirear | 9 | **728,207** | | | 875,459 |
| | | | | | |
| **Sochair Scoir** | | | | | |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | 13 | | **(21,209,000)** | | (22,877,000) |
| Sócmhainn Iarchurtha Maoiniú Sochair Scoir | 13 | | **21,209,000** | | 22,877,000 |
| **Glan-Sócmhainní i ndiaidh Sochar Scoir** | | | **17,880,707** | | **16,678,504** |
| | | | | | |
| **Maoinithe Ag:** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | 12 | | **0** | | 0 |
| Cuntas Ioncaim & Caiteachais | | | **17,880,707** | | **16,678,504** |
| **An tIomlán Maoinithe ag:** | | | **17,880,707** | | **16,678,504** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 16.

Thar ceann an Bhoird — Thar ceann an Bhoird

**John Lynch** — **Martin Naughton**

*21 Aibreán 2016* — *21 Aibreán 2016*

# Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid

## Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

| | NÓTAÍ | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Glan Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | | | |
| Barrachas don Bhliain Airgeadais | | **1,202,203** | 1,318,884 |
| Coigeartuithe maidir le: | | | |
| Dímheas | | **188,616** | 198,265 |
| Ús Bainc Faighte | | **(45,834)** | (121,896) |
| Aistriú Cuntas Caipitil | | **0** | (7,667) |
| (Ardú)/Laghdú ar Infháltais | | **(509,442)** | (358,915) |
| Ardú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | | **(212,450)** | 176,995 |
| Ardú /(Laghdú) ar Sholáthar le haghaidh Dliteanas | | **(147,252)** | (15,455) |
| **Airgead tirim ó Oibriúcháin** | | **475,841** | **1,190,211** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 6 | **(211,893)** | (154,033) |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | | **(0)** | 264 |
| **Glan Eis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(211,893)** | **(153,769)** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó Gníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Ús faighte | | **45,834** | 121,896 |
| **Glan Eis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | **45,834** | **121,896** |
| | | | |
| **Glanmhéadú in Airgead Tirim agus Comhluach in Airgead Tirim** | | **309,782** | **1,158,338** |
| | | | |
| Airgead tirim agus comhluach in airgead tirim amhail an 1 Eanáir | | **17,157,074** | **15,998,736** |
| | | | |
| **Airgead tirim agus Comhluach in Airgead Tirim amhail an 31 Eanáir** | | **17,466,856** | **17,157,074** |

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2015

## 1 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha arna glacadh ag an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta leagtha amach thíos. Cuireadh iad sin i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus don bhliain roimhe sin.

### Eolas Ginearálta

Bunaíodh an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta faoin Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003, agus tá an cheannoifig i dTeach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Ó Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.

Tá príomhfheidhmeanna an PIAB leagtha amach i gCuid 3 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003

- Measúnú cóir agus cruinn a dhéanamh go tráthúil ar an tsuim chúitimh a bhfuiltear ina teideal i gcás éilimh maidir le díobháil phearsanta a thagann faoi shainchúram InjuriesBoard.ie.

Is Eintiteas Sochair Poiblí é an PIAB.

### Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais na cuideachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2015 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. Seo iad na chéad ráitis airgeadais ag an mBord a ullmhaíodh de réir FRS 102. An 1 Eanáir 2014 an dáta ar athraíodh go dtí FRS 102. Ní raibh aon tionchar ag an athrú go dtí FRS102 ar mhéideanna comparáideacha don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 agus dá réir sin, níl gá le hathráiteas maidir le ráitis airgeadais 2014.

### Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoin modh fabhruithe cuntasaíochta agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil de réir chleachtas cuntasaíochta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn agus tá siad san fhoirm a comhaontaíodh leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra a luaitear sna ráitis airgeadais.

### Ioncam ó Tháillí

Tá ioncam ó tháillí comhdhéanta de Tháillí Éilitheoirí agus Freagróirí. Aithnítear táillí éilitheoirí ar bhonn fáltais airgid thirim. Aithnítear Táillí Freagróra nuair a thoilítear chuig próiseas measúnaithe an bhoird.

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear na Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas ar bhonn na líne dírí ag rátaí a mheastar a laghdóidh sócmhainní chuig luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saoil úsáidigh mheasta mar seo a leanas:

| Feabhsuithe Léasachta | An méid Blianta atá Fanta ar an Léas | |
|---|---|---|
| Crua-Earraí/Bogearraí TF | 25% | Líne Díreach |
| Trealamh Oifige | 20% | Líne Díreach |
| Fearais & Feistis | 12.5% | Líne Díreach |
| Troscán Oifige | 12.5% | Líne Díreach |

### Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ní bhaineann an díolúine seo le hús taisce. Sa chás go bhfuil ús infhaighte faoi réir cánach i gceist (m.sh. DIRT) cuirtear an glanmhéid chun sochair an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais.

### Léas Oibríochta

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibríochta sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear aon dreasacht léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

### Sochair d'Fhostaithe

#### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha mar saoire le pá mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fabhraíodh ag deireadh na bliana ar an bhfigiúr Suimeanna Iníochtha sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

### Breithiúnais Chuntasaíochta Chriticiúla agus Meastacháin

D'fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus

dliteanais amhail dháta an chláir comhardaithe agus ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus le caiteachas i gcaitheamh na bliana. Is é nádúr na meastachán, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### Lagú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú i leith lagú ar shócmhainní atá faoi réir amúchta cibé uair a thugann imeachtaí nó athrú ar imthosca le fios go mb'fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas i leith lagú mar an difear idir an tsuim ghlanluacha sa bhreis ar an tsuim inaisghabhála. Is í an tsuim inaisghabhála an luach cóir is airde ag sócmhainn liúde costas a díola agus a luach úsáide.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha Crua-earraí/Bogearraí TF, agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.

### Soláthar

Déanann an Bord foráil d'oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, is eol dó a bheith gan íoc ag dáta deireadh na tréimhse. Déantar na forálacha sin go ginearálta bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna choigeartú le haghaidh na treochtaí is déanaí nuair is iomchuí. Is meastacháin iad áfach ar chostais airgeadais imeachtaí nach mbeidh ag tarlú go ceann roinnt blianta eile. Mar thoradh air sin agus ar an leibhéal éiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d'fhéadfadh difríocht mhór a bheith idir an táirgeacht iarbhír agus mar a bhí measta.

### Oibleagáid Shochar Scoir

Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus treorátaí costas cúram sláinte) bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus aon athrú ábhartha i dtaobh téarmaí agus coinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.

Bíonn tionchar ag an méid seo a leanas ar na boinn tuisceana:

(i) an ráta lascaine, athruithe sa ráta aschuir ar bhannaí corparáide ardcháilíochta

(ii) leibhéil cúitimh amach anseo, dálaí mhargadh an tsaothair amach anseo

(iii) treorátaí costas cúram sláinte, ráta boilscithe de bharr costas liachta sna réigiúin ábhartha.

### Sochair Scoir

#### Nádúr na Scéime

Feidhmíonn an Bord scéim phinsin shochair shainithe do na fostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí. Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais an scéim fostaí seo in 2008. Ceadaíodh an scéim Chéile agus Leanaí in 2009.

#### Tréithe na Scéime

Tá na sochair atá iníoctha faoin scéim maoinithe ag an Státchiste.

- Tá roinnt tréithe sainiúla ag an scéim: Íocann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Tá an ranníocaíocht comhdhéanta de ghné an fhostaithe agus de ghé an fhostóra. B'fhiú 25% de phá comhlán ranníocaíocht an fhostóra in 2015, nó 30% maidir le baill foirne ar ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá tiomantas ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go seasfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bhíonn siad dlite.

Go bunúsach, measann an Bord gur ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) atá an oibleagáid go fóill sochar scoir a íoc, ach go bhfuil tiomantas tugtha ag an Státchiste maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil don PIAB chun oibleagáidí den sórt sin a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite, ar an gcoinníoll go n-íocann an PIAB ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóra ag na rátaí sonraithe. Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais Oibleagáid Sochair Scoir agus Maoiniú Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha infhaighte.

Oibríonn an Bord na Scéime Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí (Scéim Aonair), an scéim sochair shainithe do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na scéime aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### Dliteanais na Scéime

Déantar dliteanais scéime eiseamláireacha arna léiriú ag luach reatha íocaíochtaí amach anseo atá tuillte ag foireann PIAB go dtí seo a thomhas ar bhonn achtúire ag úsáid an mhodha aonad fortheilgthe. Léiríonn costais phinsin sochair a thuilleann foireann PIAB sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníoca pinsin na bhfostaithe a choimeádann an Roinn. Déantar an méid atá le cur san áireamh sna ráitis airgeadais don Sócmhainn Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha a mheas ag suim a bheidh comhionann leis an meastachán ar an oibleagáid do dhliteanais na scéime pinsin.

### Gnóthachain nó Caillteanais Achtúireacha na Scéime

Aithnítear gnóthachan agus caillteanas achtúireacha a eascraíonn ó athruithe i mboinn tuisceana achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí i Ráiteas maidir le hIoncam Cuimsitheach na bliana ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach ar an iarmhéid don Mhaoiniú Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha.

Tá costais phinsin sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais comhdhéanta de ranníocaíocht an fhostóra i ndáil leis an mbliain.

### Féichiúnaithe

Díscríobhtar drochfhiacha atá ar eolas agus déantar soláthar sonrach d'aon mhéideanna a cheaptar go mbeadh a mbailiú amhrasach.

### Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil sócmhainní a aistríodh ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta sular bunaíodh an Bord. Déantar na sócmhainní a amúchadh ar an mbonn céanna le dímheas ar na sócmhainní seasta gaolmhara d'Fheabhsuithe Léasachta.

## 2 Ioncam ó Tháillí

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ó Tháillí Éilitheoirí | **1,474,841** | 1,385,637 |
| * Ioncam ó Tháillí Freagróirí | **10,281,622** | 10,195,170 |
| | **11,756,463** | 11,580,807 |

* Tá an táille freagróirí i ndáil leis an mBord a bheith ag déileáil le hiarratas (mar a luaitear san Acht PIAB). Aithnítear an táille freagróra mar thoiliú ar phróiseas Injuriesboard.ie. 6.9 mí an meántréimhse ama chun measúnú ar éileamh a thabhairt chun críche in 2015.

## 3(i) Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | **4,055,297** | 4,018,346 |
| * Ranníocaíochtaí Aoisliúntais an Fhostóra | **1,031,422** | 1,024,629 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC an Fhostóra | **372,364** | 369,332 |
| | **5,459,083** | 5,412,307 |
| ** Costais Eile | **0** | 39,024 |
| Fabhrú ar Shaoire le pá | **16,049** | 0 |
| | **5,475,132** | 5,451,331 |

* Asbhaineadh €273,121 mar Asbhaint a Bhaineann le Pinsean agus íocadh é leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta in 2015. €279,115 a asbhaineadh agus a íocadh in 2014.

** Costais eile a bhaineann le tuarastal arna athmhuirearú le haghaidh ball foirne ar ath-imlonnú.

### An Líon Foirne

| | | |
|---|---|---|
| An meán-líon foirne fostaithe go díreach ag an mBord | **65** | 67 |

### Díolaíochtaí an Phríomh-Fheidhmeannaigh

| | | |
|---|---|---|
| Patricia Byron (a d'éirigh as an 31 Márta 2015) | **47,413** | 167,184 |
| Maurice Priestley (Príomhfheidhmeannach Gníomhach an 1 Aibreán - 30 Meán Fómhair) | **8,790** | 0 |
| Conor O'Brien (An Príomhfheidhmheannach nua a thosaigh an 1 Deireadh Fómhair 2015) | **36,153** | 0 |
| Tuarastal | **92,356** | 167,184 |

Áirítear ar an bhfigiúr tuarastail thuas €3,113 le haghaidh liúntas cairr, arb ionann é agus €11,008 in 2014.

Cuireadh deireadh le híocaíochtaí a bhain le feidhmíocht in 2010.

Thosaigh an Príomhfheidhmeannach nua Conor O'Brien an 1 Deireadh Fómhair 2015 le buntuarastal €143,535 agus tá a chuid teidlíochtaí pinsin de réir théarmaí Scéim Pinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí.

### Fostaithe - De réir an líon foirne sna bandaí tuarastail seo a leanas

De réir fhorálacha Chiorclán 13/2014 baineann an líon foirne seo a leanas le fostaithe ar thit an t-olltuarastal a íocadh leo sa bhliain laistigh den bhanda cuí

| Raon Tuarastail: | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Ó - Go dtí** | | |
| 60,000-70,000 | **1** | 5 |
| 70,000-80,000 | **13** | 10 |
| 80,000-90,000 | **7** | 6 |
| 90,000-100,000 | **5** | 5 |
| 100,000-110,000 | **2** | 2 |
| 110,000-120,000 | **0** | 0 |
| 120,000-130,001 | **0** | 0 |
| 130,000 + | **0** | 1 |
| | **28** | 29 |

| Ranníocaíocht Pinsin an Fhostóra | € | € |
|---|---|---|
| Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí | **13,895** | - |
| Scéim Eiseamláireach | **1,017,527** | 1,024,629 |
| | **1,031,422** | 1,024,629 |

## (ii) Táillí agus Costais an Bhoird

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Táillí an Bhoird** | **80,370** | **62,666** |
| **De réir an Chomhalta Boird** | | |
| Dermot Divilly – Cathaoirleach | **20,520** | 9,432 |
| Martin Naughton | **11,970** | 11,970 |
| John Lynch | **11,970** | 11,970 |
| Margot Slattery | **11,970** | 7,980 |
| Walter Cullen | **11,970** | 7,980 |
| Dermot Gorman | **11,970** | 3,158 |
| Joe O'Toole | **0** | 3,392 |
| Tom Noonan | **0** | 3,392 |
| Jerry Fitzpatrick | **0** | 3,392 |
| | **80,370** | **62,666** |

Níor íocadh táille ar bith leis na Comhaltaí Boird seo a leanas i rith 2015: Breda Power, Fionnuala O'Loughlin, Mick Stewart, Karen O'Leary, Patricia Byron agus Conor O'Brien mar gheall gur cuireadh an prionsabal Duine Amháin, Tuarastal Amháin i bhfeidhm.

Níor íocadh aon speansais a bhain leis an mBord le linn na bliana.

## 4 Costais Phróiseála Éileamh

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais an Ionaid Seirbhíse Seachfhoinsithe | **2,696,845** | 2,497,312 |
| A bhain le hÉilimh Táillí Liachta | **6,911,626** | 6,804,868 |
| A bhain le hÉilimh Costais Eile | **116,483** | 123,320 |
| Costais a bhain le hÉilimh a bheidh le hAisíoc | **(7,028,109)** | (6,928,188) |
| | **2,696,845** | **2,497,312** |

* Mar chuid den phróiseas (féach Nóta 2) coinníonn an Bord seirbhísí raon cleachtóirí gairmiúla, ina measc dochtúirí teaghlaigh, lianna comhairleacha agus achtúirí. Cuireann an t-eolas a fuarthas eolas ar fáil do na Measúnóirí Reachtúla, eolas atá de dhíth orthu chun measúnú ar dhamáistí a dhéanamh. Athraíonn leibhéal na gcostas próiseála éilimh de réir an éilimh. Mar gheall ar an meán amlíne a bhaineann leis an bpróiseas beidh costais próiseála éileamh tabhaithe in 2016 a bhaineann le toilithe a fuarthas in 2015, níl na costais seo le feiceáil sna ráitis airgeadais. Aisíocann an freagróir na costais seo agus costais eile a bhaineann le héileamh ar ais chuig an mBord.

## 5 Caiteachas

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Costais Chóiríochta & Bhunaíochta** | **€** | **€** |
| Cíos, Rátaí agus Muirir Seirbhíse | **309,724** | 309,305 |
| Glanadh agus Slándáil | **52,823** | 56,568 |
| Solas & Teas, Cothabháil agus Eile | **62,040** | 87,984 |
| | **424,587** | 453,857 |
| **Costais a bhaineann le hEarcú, Oiliúint & Oideachas** | **€** | **€** |
| Oiliúint, Oideachas agus costais eile | **22,103** | 46,724 |
| Fógraíocht, Agallaimh agus costais earcaíochta eile | **42,692** | 0 |
| | **64,795** | 46,724 |
| **Costais a bhain le Faisnéis, Taighde & Cumarsáid** | **€** | **€** |
| Feasacht Phoiblí | **154,077** | 190,735 |
| Fógraíocht - Eile | **156,714** | 129,290 |
| Bileoga Eolais/Bróisiúir & Foilseacháin | **21,293** | 22,875 |
| | **332,084** | 342,900 |
| **Costais Dlí & Táillí Gairmiúla** | **€** | **€** |
| Táillí Staitistiúla, Iniúchta Inmheánaigh agus Gairmiúla eile | **148,973** | 148,209 |
| Táillí Iniúchta | **16,500** | 17,500 |
| Comhairlí Ginearálta Dlí | **133,710** | 89,462 |
| | **299,183** | 255,171 |

| | | |
|---|---|---|
| **Costais Athbhreithnithe Breithiúnach** | **€** | **€** |
| Soláthar d'Athbhreithniú Breithiúnach (Nóta 9) | **200,000** | 316,778 |
| Scaoileadh le Soláthar d'Athbhreithniú Breithiúnach | **(198,318)** | (216,548) |
| | **1,682** | 100,230 |
| **Costais TF** | **€** | **€** |
| Forbairt Bogearraí TF | **38,440** | 55,121 |
| Táillí Ceadúnais TF | **172,619** | 147,203 |
| Tacaíocht & Cothabháil TF | **126,330** | 153,899 |
| Tomhaltáin & Oiliúint TF | **0** | 8,477 |
| Seirbhís Bainistithe Clódóireachta | **22,351** | 9,406 |
| Costais Eile TF | **2,819** | 9,218 |
| | **362,559** | 383,324 |
| **Riarachán Ginearálta** | **€** | **€** |
| Postas | **376,268** | 350,623 |
| Taisteal & Cothabháil | **14,000** | 15,357 |
| Stáiseanóireacht Oifige | **35,687** | 32,260 |
| Árachas | **57,890** | 13,460 |
| Costais Éagsúla | **14,329** | 14,164 |
| Caiteachas a Bhain le Fostaithe | **7,037** | 6,540 |
| Ús Íoc Pras | **2,579** | 3,360 |
| Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | **55,982** | 28,925 |
| Táillí Díscríofa ó Fhreagróirí | **31,850** | 61,600 |
| Táillí Díscríofa a Bhain le hÉilimh | **20,799** | 25,841 |
| | **616,421** | 552,130 |

## 6 Sócmhainní Seasta

| | Feabhsuithe Léasachta | Crua-Earraí/ Bogearraí TF | Trealamh Oifige | Fearais & Feistis | Troscán Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| Amhail an 1 Eanáir | 832,665 | 988,917 | 8,628 | 16,338 | 13,240 | 1,859,788 |
| Breiseanna | 0 | 177,395 | 34,498 | 0 | 0 | 211,893 |
| * Diúscairtí | 0 | (19,032) | 0 | 0 | (11,265) | (30,297) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **832,665** | **1,147,280** | **43,126** | **16,338** | **1,975** | **2,041,384** |
| | | | | | | |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 832,665 | 696,865 | 3,453 | 13,094 | 12,210 | 1,558,287 |
| Muirear | 0 | 180,223 | 7,475 | 671 | 247 | 188,616 |
| Diúscairtí | 0 | (19,031) | 0 | 0 | (11,265) | (30,296) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **832,665** | **858,057** | **10,928** | **13,765** | **1,192** | **1,716,607** |
| | | | | | | |
| **Glan-Luach Leabhair** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2015** | **0** | **289,223** | **32,198** | **2,573** | **783** | **324,777** |
| Amhail an 31 Nollaig 2014 | 0 | 292,052 | 5,175 | 3,244 | 1,030 | 301,501 |

* Mar thoradh ar athbhreithniú ar an gclár Sócmhainní Seasta i rith na bliana, baineadh sócmhainní a raibh glan-luach leabhair de nialas agus costas €11,265 ag baint leo den chlár.

## 7 Infháltais

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Táillí Infhaighte | | |
| Táillí ó Fhreagróirí | **1,203,650** | 812,550 |
| Táillí a bhaineann le hÉilimh | **852,739** | 653,178 |
| Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | **(205,196)** | (149,214) |
| Ús Infhaighte | **18,085** | 6,678 |
| Réamhíocaíochtaí | **165,540** | 205,855 |
| Féichiúnaithe Eile | **11,945** | 8,273 |
| | **2,046,763** | 1,537,320 |

Íocann Injuriesboard.ie an costas pinsin do thriúr phinsinéirí InjuriesBoard.ie agus déanann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an costas sin a urscaoileadh. D'aisíoc an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta an costas €203,288 ina iomlán in 2015 roimh dheireadh na bliana.

## 8 Suimeanna Iníoctha

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Suimeanna Iníoctha | **157,381** | 442,462 |
| Fabhruithe | **535,135** | 585,984 |
| Cánacha & Leas Sóisialach | **326,760** | 250,145 |
| Dliteanas Pinsin | **167,009** | 116,651 |
| Creidiúnaithe Eile | **43,197** | 46,690 |
| | **1,229,482** | 1,441,932 |

## 9 Soláthar le haghaidh Dliteanas - Athbhreithniú Breithiúnach

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | **875,459** | 890,914 |
| Soláthar Breise (Nóta 5) | **200,000** | 316,778 |
| Úsáidte sa bhliain | **(148,934)** | (115,685) |
| Athscríobh ar Fhorálacha | **(198,318)** | (216,548) |
| **Iarmhéid Deiridh** | **728,207** | **875,459** |

Seasann na soláthairtí do mheastachán stuama na ndliteanas a d'fhéadfadh a theacht chun cinn do thríú páirtithe, i leith caingne dlí a cuireadh in iúl roimh dheireadh na bliana. De bharr nádúr a chuid oibríochtaí, tá an Bord rannpháirteach i gcaingne dlí éagsúla, go príomha in athbhreithniú breithiúnach ar ailt an Achta um Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.

Tá na soláthairtí bunaithe ar mheasúnú na gcostas dóchúla a bhainfidh le caingne atá ar eolas a chosaint chomh fada is a mheastar gur féidir brath ar mheastachán na gcostas sin. Áirítear ar na boinn tuisceana a rinneadh agus leibhéal cuí an tsoláthair á mheas, an toradh is dóchúla a bheidh ar chaingne, an treocht amach anseo ar chostais dlí (ár gcostais féin agus costais thríú páirtithe araon) agus an dáta a mheasfar a éistfear leis an gcaingean. Tá an Bord sásta go bhfuil an meastachán is fearr déanta aige ar an soláthair cuí sna ráitis airgeadais don toradh is dóchúla, d'fhéadfadh an soláthar a bheith faoi réir leasaithe ó am go ham de réir mar a chuirtear eolas breise ar fáil.

## 10 Dliteanas Teagmhasach

### Caingne Dlí

Mar a luadh i Nóta 9, bíonn an Bord, ó am go ham, páirteach i gcaingne dlí éagsúla. Bunaithe ar roinnt tosca, creideann an Bord gur dócha go gcuirfear breis gníomhartha in iúl le linn 2016.

## 11 Tiomantais Airgeadais

### Léasanna oibríochta

Tá áitreabh ag an mBord ag Teach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus íocann an Bord na costais léasa de €188,554 in aghaidh na bliana faoi thionóntacht ó bhéal. Feidhmíonn an Bord faoi théarma léasa fiche bliain ar cuireadh tús leis in Aibreán 2004.

Amhail an 31 Nollaig 2015 bhí na meáníocaíochtaí léasa don todhchaí seo a leanas ag an mBord faoi léasanna oibríochta neamh-inchealaithe maidir le gach ceann de na tréimhsí seo a leanas

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iníoctha laistigh de bhliain amháin | **188,554** | 188,554 |
| Iníoctha idir dhá bhliain amháin agus cúig bliana | **754,216** | 754,216 |
| Iníoctha i ndiaidh cúig bliana | **628,513** | 817,067 |
| | **1,571,283** | 1,759,837 |

B'ionann íocaíochtaí léasa oibríochta a aithníodh mar chostas agus €188,554 (2014: €188,554).

## 12 Cuntas Caipitil

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | **0** | 7,667 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | **0** | (7,667) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | **0** | 0 |

Léiríonn an cuntas caipitil sócmhainní a aistríodh ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta sular bunaíodh an Bord. Déantar na sócmhainní a amúchadh ar an mbonn céanna le dímheas ar na sócmhainní seasta gaolmhara d'Fheabhsuithe Léasachta.

## 13 Cóireáil Chuntasaíochta do Shochair Scoir

Feidhmíonn an Bord scéim phinsin shochair shainithe do na fostaithe. Tá struchtúr na scéime bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí. Cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an tAire Airgeadais an scéim fostaí seo in 2008. Ceadaíodh an scéim Chéile agus Leanaí in 2009.

Tá na sochair atá iníoctha faoin scéim maoinithe ag an Státchiste.

- Tá roinnt tréithe sainiúla ag an scéim: Íocann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Tá an ranníocaíocht comhdhéanta de ghné an fhostaithe agus de ghé an fhostóra. Déanann fostaithe a bhfuil árachas iomlán acu chun críocha ÁSPC ranníocaíochtaí ag ráta de 3.5% den ghlan luach saothair móide 3.0% den luach saothair. B'fhiú 25% de phá comhlán ranníocaíocht an fhostóra in 2015, nó 30% maidir le baill foirne ar ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá tiomantas ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go seasfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bhíonn siad dlite.

### Luacháil Achtúireach

Choimisiúnaigh an Bord luacháil achtúireach ar dhliteanais fhabhraithe amhail dáta an chláir chomhardaithe agus ar chostas na sochar (costas seirbhíse) a fabhraíodh le linn na bliana. Déantar an luacháil seo, a bunaíodh ar mhodh chreidiúint Réamh-mheasta an Aonaid, ar na boinn tuisceana seo a leanas:

| Ráta Bliantúil Sílte | 2015 | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| Ráta lascaine | 2.70% | 2.20% | 3.90% |
| Bonn Tuisceana boilscithe (Praghsinnéacs Tomhaltóirí) | 1.80% | 1.80% | 2.00% |
| Arduithe ar thuarastal | 3.05% | 3.05% | 3.25% |
| Arduithe ar phinsin Stáit | 2.30% | 2.30% | 2.50% |
| Arduithe ar phinsin ata á n-íoc | 2.55% | 2.55% | 2.75% |

Chomh maith leis sin, rinneadh na boinn tuisceana déimeagrafacha seo a leanas amhail an 31 Nollaig 2015.

### Ionchas saoil ag 65 bliain d'aois

| | |
|---|---|
| Fear atá 40 bliain d'aois faoi láthair | 25.1 bliain |
| Fear atá 65 bliain d'aois faoi láthair | 22.2 bliain |
| Bean atá 40 bliain d'aois faoi láthair | 26.1 bliain |
| Bean atá 65 bliain d'aois faoi láthair | 23.7 bliain |

Bunaithe ar an méid thuas, is ionann luach láithreach na ndliteanas ag dáta an chláir chomhardaithe agus €21,209,000 [2014: €22,877,000], agus is ionann an costas seirbhíse (a ríomhtar de réir na mbonn tuisceana roimhe seo) don bhliain agus €1,386,000 [2014: €886,000].

### Anailís ar na costais phinsin iomlána gearrtha ar chaiteachas

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Ranníocaíocht iomlán an fhostóra | **1,031,422** | 1,024,629 |
| Costas seirbhíse reatha | **1,386,000** | 886,000 |
| Costas Úis | **516,000** | 577,000 |
| Costas seirbhíse roimhe seo | **0** | 0 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsin Státchiste Iarchurtha | **(1,902,000)** | (1,463,000) |
| Iomlán gearrtha ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais | **1,031,422** | 1,024,629 |

* Áirítear ar an gCostas Seirbhíse Reatha ranníocaíochtaí fostaithe arb ionann iad agus €228,379 in 2015 agus €190,000 in 2014.

### Gluaiseacht i nglan-dliteanas pinsin

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Glan-Dliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | **22,877,000** | 14,439,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | **1,386,000** | 886,000 |
| Costas Úis | **516,000** | 577,000 |
| Costas seirbhíse roimhe seo | **0** | 0 |
| (Gnóthachain)/ caillteanais ó thaithí ar dhliteanais na scéime | **(234,000)** | (285,000) |
| Athruithe ar bhoinn tuisceana | **(3,132,000)** | 7,413,000 |
| Sochair a íocadh i rith na bliana | **(204,000)** | (153,000) |
| Glan-Dliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig | **21,209,000** | 22,877,000 |

### Stair dhliteanais agus taithí scéime (gnóthachain)/caillteanais

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| Athruithe i mboinn tuisceana a bhíonn mar bhonn ag luach reatha dliteanais na scéime pinsin | (3,132,000)<br>(14.80%) | 7,413,000<br>32.40% |
| Gnóthachain/ (caillteanais) ó thaithí ar dhliteanais | (234,000) | (285,000) |
| % de dhliteanais ag deireadh na bliana | (1.1%) | (1.2%) |
| **Dliteanas Scéime** | **21,209,000** | **22,887,000** |

## 14 Nochtaithe Páirtithe Gaolmhara

Féach Nóta 3 chun briseadh síos ar luach saothair agus sochair a íocadh leis an bpríomhbhainistíocht a fheiceáil. De réir an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit, chuir an Bord Cód Iompair Ghnó i bhfeidhm do Chomhaltaí an Bhoird agus d'fhostaithe. Áirítear sna cóid sin treoir maidir le faisnéisiú leasanna chomhaltaí an Bhoird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana agus atá clúdaithe ag na ráitis airgeadais seo. Níl aon idirbhearta sa tréimhse a raibh leas ann do na comhaltaí.

## 15 An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003

Tá athbhreithniú reachtúil á dhéanamh ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 agus ar an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2007 i láthair na huaire agus beidh sé i gcríoch go luath.

## 16 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Cheadaigh an Bord na Ráitis Airgeadais an 21 Aibreán 2016.

# Aguisíní

## Aguisín 1

### An Eagraíocht

Struchtúr na hEagraíochta

Léirítear sa chuid seo a leanas struchtúr eagraíochtúil an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB). Tá an PIAB faoi stiúir Bord Stiúrthóirí (mionsonraí thíos).

An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta a cheapann an Bord agus tá sé comhdhéanta de Chathaoirleach agus 10 gnáthchomhalta, lena n-áirítear an Príomhfheidhmeannach. Tá an Bord freagrach as beartais an PIAB a cheapadh agus dualgais mhuiníne eile a chur i bhfeidhm.

**Liosta Iomlán de Chomhaltaí an Bhoird**

| Ainm | Post | Taifid Tinrimh |
|---|---|---|
| Dermot Divilly | Cathaoirleach Neamhfheidhmeannach | 9 as 9 |
| John Lynch | Leas-Chathaoirleach agus Comhairleoir Gnó | 8 as 9 |
| Patricia Byron (a d'éirigh as an 31/3/15) | Príomhfheidhmeannach | 2 as 2 |
| Maurice Priestley (1/4/15-30/9/15) | Príomhfheidhmeannach Gníomhach | 5 as 5 |
| Conor O'Brien (a ceapadh an 1/10/15) | Príomhfheidhmeannach | 2 as 2 |
| Walter Cullen | Ainmní ó Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 7 as 9 |
| Dermot Gorman | Ainmní ó Chónaidhm Árachais na hÉireann | 2 as 9 |
| Martin Naughton | Ainmní ó Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 9 as 9 |
| Karen O'Leary | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 7 as 9 |
| Fionnuala O'Loughlin | Síciatraí Comhairleach | 7 as 9 |
| Breda Power | An Roinn Post, Fiontar & Nuálaíochta | 8 as 9 |
| Margot Slattery | Ainmní ó Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) | 5 as 9 |
| Mick Stewart | Banc Ceannais na hÉireann | 8 as 9 |
| Stephen Watkins | Rúnaí an Bhoird | |

Tá sonraí na dtáillí a íocadh le comhaltaí an Bhoird leagtha amach sna Ráitis Airgeadais. Mar ab amhlaidh le blianta roimhe seo, níor íocadh aon speansais le Comhaltaí an Bhoird.

Chomh maith le cruinnithe Boird iomlána tionóladh cúig chruinniú de Choiste Iniúchta an Bhoird le linn 2015

## Comhaltacht Coiste ag deireadh na bliana

| Coiste Iniúchta |
|---|
| John Lynch (Cathaoirleach) |
| Walter Cullen |
| Dermot Gorman |
| Breda Power |
| Mick Stewart |

## Struchtúr na hEagraíochta

| An Bord | | | |
|---|---|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | | | |
| **Oibríochtaí** | **Seirbhísí Tacaíochta Gnó** | **Seirbhísí Corparáideacha** | **Airgeadas** |
| Stiúrthóir na nOibríochtaí | Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó | Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha | Stiúrthóir Airgeadais |

## An Fhoireann Bainistíochta Fheidhmeannais

Is comhalta den Bhord é an Príomhfheidhmeannach Conor O'Brien. Tá sé i gceannas ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin freisin, lena n-áirítear:

- Maurice Priestley – Stiúrthóir na nOibríochtaí
- Helen Moran – Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó
- Stephen Watkins – Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha
- Bernadette King – Stiúrthóir Airgeadais

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as oibríochtaí an PIAB a bhainistiú ó lá go lá, le tacaíocht ó na Stiúrthóirí, Bainisteoirí, Measúnóirí agus Foireann Tacaíochta. Ag deireadh 2015, d'fhostaigh an PIAB 66 duine san oifig i dTamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Ina theannta sin, tá Ionad Seirbhísí Seachfhoinsithe ag an PIAB.

# Aguisín 2

## Anailís gheografach ar Éilimh

**Tábla 6.1 Briseadh síos ar na Dámhachtainí de réir Láithreach (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) 2014 vs. 2015)**

| | 2014 Líon na nDámhachtainí | 2014 % na nDámhachtainí | 2015 Líon na nDámhachtainí | 2015 % na nDámhachtainí |
|---|---|---|---|---|
| Poblacht na hÉireann | 12,128 | 97.6% | 11,440 | 97.6% |
| Tuaisceart Éireann | 194 | 1.6% | 168 | 1.4% |
| An Ríocht Aontaithe (seachas Tuaisceart Éireann) | 69 | 0.6% | 88 | 0.7% |
| An chuid eile den Domhan | 29 | 0.2% | 38 | 0.3% |
| **IOMLÁN** | **12,420** | **100.0%** | **11,734** | **100.0%** |

**Tábla 6.2 Briseadh síos ar Chatagóirí na nDámhachtainí de réir Láithreach (bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) 2015 vs. 2014)**

| | 2015 ML | 2015 EL | 2015 PL | 2015 Iomlán | 2014 ML | 2014 EL | 2014 PL | 2014 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Poblacht na hÉireann | 8,569 | 905 | 1,966 | 11,440 | 9,080 | 927 | 2,121 | 12,128 |
| Tuaisceart Éireann | 146 | 6 | 16 | 168 | 167 | 6 | 21 | 194 |
| An Ríocht Aontaithe (seachas Tuaisceart Éireann) | 74 | 4 | 10 | 88 | 61 | 3 | 5 | 69 |
| An chuid eile den Domhan | 26 | 9 | 3 | 38 | 20 | 5 | 4 | 29 |
| **IOMLÁN** | **8,815** | **924** | **1,995** | **11,734** | **9,328** | **941** | **2,151** | **12,420** |

**Tábla 6.3 Briseadh síos ar Líon na nDámhachtainí de réir an Chúige (Bunaithe ar Sheoladh an Éilitheora) 2015 vs. 2014)**


| | 2015 ML | 2015 EL | 2015 PL | 2015 Iomlán | 2014 ML | 2014 EL | 2014 PL | 2014 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath | 2,758 | 306 | 722 | 3,786 | 2,807 | 323 | 779 | 3,909 |
| An chuid eile de Chúige Laighean | 2,098 | 262 | 393 | 2,753 | 2,155 | 247 | 504 | 2,906 |
| Connachta-Ulaidh* | 1,336 | 101 | 240 | 1,677 | 1,492 | 111 | 245 | 1,848 |
| An Mhumhain | 2,377 | 236 | 611 | 3,224 | 2,626 | 246 | 593 | 3,465 |
| Lasmuigh den Stát | 246 | 19 | 29 | 294 | 248 | 14 | 30 | 292 |

* Contaetha i bPoblacht na hÉireann

**Fíor 3.1 Líon na nDámhachtainí in aghaidh an Chontae**




**Fíor 3.2 % na nDámhachtainí in aghaidh an Chontae***





* Bunaithe ar thorthaí daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh 2011

**Fíor 3.3 % den Daonra Iomlán in aghaidh an Chontae***




* Bunaithe ar thorthaí daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh 2011

**Fíor 3.4 % Athraitheas Dámhachtainí vs Daonra in aghaidh an Chontae***




* Bunaithe ar thorthaí daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh 2011

| Tábla 6.4 An 5 Chontae ag an mBarr de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra 2015 | % na nDámhachtainí In Aghaidh an Chontae | % den Daonra Iomlán sa Chontae | Athraitheas ar Mheánmhéid Náisiúnta |
|---|---|---|---|
| Luimneach | 7.9% | 4.18% | 89.00% |
| An Longfort | 1.5% | 0.85% | 76.47% |
| Lú | 4.0% | 2.68% | 49.25% |
| Uíbh Fhailí | 2.0% | 1.67% | 19.76% |
| Baile Átha Cliath | 33.1% | 27.74% | 19.32% |

| Tábla 6.5 An 5 Chontae ag an mBun de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra 2015 | % na nDámhachtainí In Aghaidh an Chontae | % den Daonra Iomlán sa Chontae | Athraitheas ar Mheánmhéid Náisiúnta |
|---|---|---|---|
| Cill Chainnigh | 1.1% | 2.08% | –47.12% |
| Loch Garman | 1.9% | 3.17% | –40.06% |
| Cill Mhantáin | 1.9% | 2.98% | –36.24% |
| Dún na nGall | 2.4% | 3.51% | –31.62% |
| Ros Comáin | 1.0% | 1.40% | –28.57% |

## Dámhachtainí Foriomlána 2015

| Fíor 3.5 An Líon is Airde Dámhachtainí Foriomlána de réir an Chontae 2015 (bunaithe ar sheoladh an éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 3,786 |
| Corcaigh | 1,149 |
| Luimneach | 908 |
| Gaillimh | 567 |

| Fíor 3.6 An Líon is Ísle Dámhachtainí Foriomlána de réir an Chontae 2015 (bunaithe ar sheoladh an éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 55 |
| Ceatharlach | 109 |
| Ros Comáin | 119 |
| Cill Chainnigh | 122 |

## Dámhachtainí Dliteanais Mótair 2015

| Fíor 3.7 An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir an Chontae 2015 (Bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 2,758 |
| Corcaigh | 858 |
| Luimneach | 682 |
| Gaillimh | 464 |

| Fíor 3.8 An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir an Chontae 2015 (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 40 |
| Ceatharlach | 81 |
| Cill Chainnigh | 89 |
| Ros Comáin | 89 |

## Dámhachtainí Dliteanais Fostóra 2015


| Fíor 3.9 An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir an Chontae 2015 (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 306 |
| Corcaigh | 86 |
| Cill Dara. | 61 |
| Luimneach | 56 |


| Fíor 3.10 An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Mótair de réir an Chontae 2015 (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| Liatroim | 5 |
| Ros Comáin | 5 |
| An Longfort | 7 |
| Cill Chainnigh | 9 |

## Dámhachtainí Dliteanais Phoiblí 2015

| Fíor 3.11 An Líon is Airde Dámhachtainí Dliteanais Phoiblí de réir an Chontae 2015 (Bunaithe ar sheoladh an éilitheora) | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 722 |
| Corcaigh | 205 |
| Luimneach | 170 |
| Tiobraid Árann | 81 |

| Fíor 3.12 An Líon is Ísle Dámhachtainí Dliteanais Phoiblí de réir an Chontae 2015 (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora) | |
|---|---|
| An Cabhán | Nil |
| Dún na nGall | 10 |
| Maigh Eo | 10 |
| Laois | 15 |





Ionad Seirbhísí ar Oscailt:
Luan go hAoine, 8am go dtí 8pm

Ló-Ghlao ó Phoblacht
na hÉireann: 1890 829 121
Ó Thuaisceart Éireann
agus ón RA: 0870 876 8121

Bosca OP 8
Cloch na Coillte
Co. Chorcaí

www.injuriesboard.ie

